SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

## 2017



# Ag oibriú i dtreo todch fuinnimh níos gláine

Is féidir linn go léir

**ról a ghlacadh**

maidir leis

# todhchaí fuinnimh

agus tá freagracht orainn
rud a dhéanamh

# Ár dTionchar


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 02 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 04 |
| Gaiscí Móra i 2017 | 06 |
| Róil agus Freagrachtaí Nua don SEAI i 2017 | 09 |
| SEAI Ag déanamh difear ar son gach Úsáideoir Fuinnimh | 12 |
| Léargas ar 2017 | 24 |


# Rialachas


| | |
|---|---|
| Rialachas Corparáideach | 28 |
| Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh | 31 |


# Airgeadas


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 34 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 42 |
| Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha | 45 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 47 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 48 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 49 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 50 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 51 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Cé go ndearna na Stáit Aontaithe cinneadh bliain ó shin éirí as an gComhaontú Pháras agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chomhaontú, tá údair dhóchais fós ann. Tá tromlach na gceannairí domhanda tiomanta go fóill do chuspóirí maidir le hathrú aeráide domhanda a bhaint amach. Tá pleananna agus bearta straitéiseacha curtha ar bun ag go leor tíortha, agus corparáidí domhanda go deimhin, chun leanúint de chur chun cinn a dhéanamh maidir leis an saincheist dhomhanda an-tábhachtach seo. Mar sin féin, is dúshlán domhanda é go fóill na dóchais seo a thiontú ina réitigh phraiticiúla, réadúla chun astaíochtaí carbóin a laghdú.**

Ó thaobh cúrsaí sa tír seo de, táimid ar gcúl maidir lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta i dtaca le hathrú aeráide a chomhlíonadh. Tacaíonn roinnt tionscnamh a thug an Rialtas agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil isteach go daingean le gealltanais na hÉireann don Chomhaontú Pháras, áfach.

Leanann Páipéar Bán an Rialtais ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn "Trasdul na hÉireann chuig Todhchaí Fuinnimh Íseal-Charbóin" de thaca a chur faoin bpróiseas forbartha beartais agus féachann sé leis an saoránach agus an tomhaltóir a chur i gcroílár ár n-aidhmeanna náisiúnta.

Is céim ar aghaidh eile i dtreo Éire a chur ar an gconair chun an leibhéal dícharbónaithe atá de dhíth a bhaint amach é an Plean Maolaithe Náisiúnta a foilsíodh i 2017. Cuireann an cur chuige lánrialtais agus na bearta atá leagtha amach bunús faoin obair chun Éire á athrú ina geilleagar ísealcharbóin atá inmharthanaó thaobh an chomhshaoil de agus athléimneach ó thaobh aeráide de faoi 2050.

Beidh ról tábhachtach ag an SEAI maidir le seachadadh na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach sa Pháipéar Bán agus sa Phlean Maolaithe Náisiúnta. I mí Iúil 2017, sheol an SEAI a Ráiteas Straitéise féin don tréimhse 2017-2021. Cuireadh an straitéis seo le chéile i gcomhthéacs na físe foriomláine atá ann go mbeidh fuinneamh na hÉireann inbhuanaithe, slán, inacmhainne agus glan. Aithníonn ár straitéis go gcaithfear gach cuid den tsochaí, lena n-áirítear gnó agus an Rialtas, a bheith páirteach sa trasdul chuig fuinneamh inbhuanaithe. Tá sé bunaithe chomh maith ar an treoirphrionsabal go mbaineann fuinneamh inmharthanale saol an duine a fheabhsú trí chompord agus áisiúlacht a thabhairt isteach, dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil, chomh maith le poist a chruthú agus a chosaint agus iomaíochas na hÉireann a fheabhsú.

Cuireann an SEAI athruithe ó bhonn chun cinn. Soláthraímid na hathruithe seo mar Údarás trí fhianaise, anailís agus idirghabhálacha a chur ar fáil, bearta a thugann saoránaigh pobail agus gnólachtaí chuig todhchaí fuinnimh dícharbónaithe atá cothrom agus costéifeachtach. Tá sé mar aidhm againn trínár ngníomhaíochtaí cur ar chumas tomhaltóirí fuinnimh ról níos gníomhaí a ghlacadh maidir leis an trasdul chuig tír ísealcharbóin. Beidh an caidreamh idir infreastruchtúr, teicneolaíocht agus sochaí ag éirí níos tábhachtaí agus muid ag dul isteach sa chéad chéim eile dícharbónaithe. Maidir leis sin, leanfaidh an SEAI d'anailís fhianaisebhunaithe, cheannródaíoch a sholáthar agus tacaóimid leis an Rialtas trínár sruthanna oibre a bhaineann le samhaltú, anailís staitistiúil agus eacnamaíocht iompraíochta.

Is céim shuntasach é Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) an Rialtais – Tionscadal Éireann 2040 a chuiridh maoiniú ar fáil ar son gníomhaíochta ar mhaithe leis an aeráid, lena n-áirítear beagnach €22 billiún chun aghaidh a thabhairt ar an trasdul chuig sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de. Beidh na tosaíochtaí infheistíochta caipitil atá sa PFN ina gcuid dhílis d'obair na hÉireann chun a cuspóirí gníomhaíochta ar mhaithe leis an aeráid a bhaint amach. Is tosaíochtaí fíoruaillmhianacha iad seo, lena n-áirítear bearta chun 45,000 teach in aghaidh na bliana a uasghrádú ó 2021, an Scéim Tacaíochta um Theas In-Athnuaite a leathadh amach, an t-athrú chuig iompar astaíochtaí ísle lena n-áirítear busanna leictreacha don fhlít busanna uirbeacha agus an sprioc go mbeidh beagnach leath dár bhflít feithiclí go hiomlán leictreach. Molann an SEAI go gcuirfear plean oibre mionsonraithe agus comhtháiteach le chéile a leagfaidh na gníomhaíochtaí chun na cuspóirí atá leagtha amach sa PFN a bhaint amach agus a fhéachfaidh chun cinn maidir le ról tábhachtach a ghlacadh i seachadadh an phlean.

Tháinig méadú suntasach ar bhuiséid agus acmhainní Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i 2017, méadú a léiríonn tábhacht straitéiseach an Údaráis maidir le seachadadh na gcus póirí náisiúnta. Is dócha go leanfaidh an méadú seo ar bhuiséid agus acmhainní ar aghaidh nuair a chuirfear an Plean Forbartha Náisiúnta i bhfeidhm, le tacaíocht ó Aire Denis Naughten agus oifigigh sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus

Comhshaoil. Leanfaimid orainn de bhéim a leagan ar luach ar airgead don infheistíocht seo a sholáthar; de chuspóirí beartais rialtais atá ag méadú a chur i bhfeidhm; agus den fhís uaillmhianach atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2017-2021 a bhaint amach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar Bhord an Údaráis as an tacaíocht a thug siad le linn na bliana 2017 agus buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach Jim Gannon as a bheith i gceannas ar an eagraíocht fad is a athraíonn an timpeallacht ina n-oibrímid chomh tapa sin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dá fhoireann feidhmiúcháin an-dírithe as a gcuid oibre agus tiomantas agus do gach ball foirne san Údarás as a n-éachtanna an bhliain seo caite. Leanfaidh Bord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de dhíriú ar oibriú le gach ball dár bhfoireann chun forbairt a dhéanamh ar an rath atá againn le roinnt blianta anuas.Ar an dóigh sin, cinnteoimid go n-úsáidfear ár n-acmhainní méadaithe ar bhonn straitéiseach agus go soláthróimid luach ar airgead agus muid ag druidim le dícharbónú níos tapúla dár gcórais fuinnimh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an Aire agus oifigigh na Roinne as an tacaíocht agus an misniú a thug siad don Údarás agus muid ag oibriú le chéile chun ár spriocanna fuinnimh agus athraithe aeráide a bhaint amach. Leanfaimid de pháirt a ghlacadh mar eagraíocht údarásach agus neamhspleách a thacóidh leis na spriocanna seo a bhaint amach.





**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

“Tá ár straitéis bunaithe ar an treoirphrionsabal go mbaineann fuinneamh inmharthana saol an duine a fheabhsú, trí chompord agus áisiúlacht a thabhairt isteach, dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil, chomh maith le poist a chruthú agus a chosaint agus iomaíochas na hÉireann a fheabhsú”

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

**Is é éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh an bealach is éifeachtaí ó thaobh costais de chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus ár n-iomaíochas a mhéadú; laghdaíonn sí ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte agus an neamhchosaint eacnamaíoch dhúchasach a ghabhann leis.  Mar údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann, táimid ag obair go dian leis an Rialtas, muintir na tíre, gnólachtaí agus pobail chun todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach.**



"Trí chláir a riar SEAI anuraidh, infheistíodh €70 mhilliún in uasghráduithe fuinnimh ar fhoirgnimh, infheistíocht a thacaigh le os cionn 2,000 post"

Gach bliain, infheistíonn SEAI céatadán suntasach den bhuiséad a thugann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dúinn i ngeilleagar na hÉireann. Déanaimid amhlaidh trí raon clár deontais agus clár eile, chun éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh a sholáthar agus ár ngeilleagar a dhícharbónú. Spreagann na gníomhartha seo fás geilleagrach agus fostaíocht inár ngeilleagar. Trí chláir a riar SEAI anuraidh, infheistíodh €70 mhilliún in uasghráduithe fuinnimh ar fhoirgnimh, infheistíocht a thacaigh le os cionn 2,000 post. Buntáiste indíreach tábhachtach a bhaineann leis an éacht sin is ea an fás suntasach atá tagtha ar mhéid ár líonra pobal fuinnimh, líonra a dhéanann aistriú fuinnimh na hÉireann a chur chun cinn agus a threorú. Leanamar ar aghaidh d'úsáid a bhaint as an líonra seo chun dul i dteagmháil le níos mó ná 130 pobal agus eolas agus tacaíocht deontais a thabhairt dóibh, agus ar an dóigh sin chuireamar ar a gcumas leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le héifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh.

Chomh maith lenár gclár caipitil, tá sainordú ag SEAI tacaíocht a thabhairt don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ó thaobh anailís bheartais, réamhaisnéisnithe agus samhaltaithe de. De réir mar a dhruideann Éire leis an mbliain 2020 agus a thosaíonn sí ag pleanáil an bhealaigh i dtreo na bliana 2030, tá sé ríthábhachtach go leanaimid ar aghaidh ag neartú an róil seo mar fhreagairt do Bheartas Eorpach a bhíonn ag athrú agus do na dúshláin aeráide atá le sárú againn. Is sainordú é atá ina chuid dhílis dár gcuid oibre. Baineann sé leas as an rochtain dhosháraithe atá againn ar shonraí agus réamhaisnéisniú a bhaineann le fuinneamh, as taithí ar athruithe a spreagadh le saoránaigh agus leis an lucht tionscail agus as taithí a bhaineann le beartas fíorshaoil a chur i bhfeidhm, ar réimse é lena mbaineann deacrachtaí in amanna. Leanamar ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil sa ról reachtúil sin chun tacú lena próisis bheartais agus chinnteoireachta. De réir mar a bhogaimid ar aghaidh,


## “Tá sé mar aidhm againn na hardáin bheartais agus dreasachta a sholáthar a chuirfidh ar ár gcumas spriocanna 2030 an AE a chomhlíonadh agus tuilleadh lena chois, spriocanna ar dóigh dóibh a éirí níos soiléire le linn 2018”

leanfaimid ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí éagsúla san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus sa saol acadúil a ghineann raon leathan dearcthaí, samhlacha agus cásanna a bhíonn ag athrú. I rith 2017, ghlac SEAI ról lárnach i dtaighde agus nuálaíochta rinneadh san earnáil fuinnimh in Éirinn. Ar leibhéal idirnáisiúnta, leanamar lenár ról mar thoscaire náisiúnta don chlár Fís 2020, agus ar an dóigh sin chabhraíomar le réimsí nua tosaíochta a shainaithint d'Éirinn agus don Eoraip araon. Ag an am céanna, leanamar ar aghaidh ag glacadh páirt i nGníomhaireachtaí Fuinnimh Idirnáisiúnta agus i bhfóraim de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh ina bpléitear an dea-chleachtas san aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine. Maidir lenár gcuid oibre sa tír seo, chuireamar cistiú ar fáil do 36 tionscadal taighde agus forbartha i raon earnálacha fuinnimh inmharthana. Chuireamar cistiú ar fáil do 15 tionscadal fréamhshamhla nua um fhuinneamh aigéin, chomh maith le bonneagar tástála fuinneamh. aigéin na hÉireann a fhorbairt ar bhonn leanúnach. Rinneamar dul chun cinn ag an am céanna ar ár gcuid oibre ar fhorbairt fiontríochta i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus leis an Údarás Forbartha Tionscail.

Maidir le fuinneamh in-athnuaite, tá tacar uathúil acmhainní agus deiseanna ag Éirinn nach mór dúinn a úsáid ar bhealach cuí aibí. Rinneadh dul chun cinn maith ar úsáid fuinnimh in-athnuaite i 2017, agus de thoradh air sin tháinig laghdú de níos mó ná 2% ar astaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le fuinneamh. D'ainneoin an dea-dhul chun cinn seo, is é is dóichí nach n-éireoidh linn ár spriocanna a bhaint amach má ghlactar cur chuige gnó mar is gnách. Is tuairim í sin a dtacaítear léi sa mhionanailís lena gcomhlíontar ár sainordú náisiúnta ó thaobh réamhaisnéisiú fuinnimh de. Le linn na bliana 2017, lean SEAI ar aghaidh ag cabhrú leis an Roinn bearta agus beartais níos éifeachtaí a dhearadh chun tuilleadh gníomhaíochta a spreagadh sna réimsí um leictreachas, teas agus iompar in-athnuaite.

Cé gur chuaigh ár bhfeidhmíocht náisiúnta i bhfeabhas i 2017 maidir le déine carbóin, is dócha go fóill nach mbainfimid ár spriocanna 2020 amach. Beidh ról ríthábhachtach ag SEAI amach anseo in iarracht na hÉireann an bhearna seo a dhúnadh go dtí 2020. Ag an am céanna, tá sé mar aidhm againn na hardáin bheartais agus dreasachta a sholáthar a chuirfidh ar ár gcumas spriocanna 2030 an AE a chomhlíonadh agus tuilleadh lena chois, spriocanna ar dóigh dóibh a éirí níos soiléire le linn 2018.

Mar fhocal scoir, tá sé ríthábhachtach tiomantas agus díograis ár bhfoirne agus treoir ár mBoird a aithint sa tuarascáil seo; bhí orthu aghaidh a thabhairt ar athrú gan réamhshampla i rith an dá bhliain seo caite fad a mhéadaíomar ár ngníomhaíocht ionas go mbeidh ár n-obair ag teacht le huaillmhian na hÉireann atá ag fás. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo as amhlaidh, agus táim ag tnúth le hoibriú leo fad a mhéadóidh tionchar ár n-oibre sna blianta atá amach romhainn.



**Jim Gannon**
Príomhfheidhmeannach

# Gaiscí Móra i 2017

Tacaíodh le **21,100 uasghrádú fuinnimh ar thithe,** lena n-áirítear 6,900 uasghrádú lánmhaoinithe do thithe a raibh caighdeán íseal fuinnimh iontu

**Líonra pobal fuinnimh inmharthana**
Mheádaigh ballraíocht faoi dhó ar a laghad, agus tá 137 pobal trasna gach contae in Éirinn anois

Seoladh **scéim phíolótach nua maidir le hiarfheistiú domhain** agus faomhadh sé thionscadal luatha

Tugadh deontas do **972 feithicil leictreacha,** méadú 46% ar 2016. Agus carranna dara láimhe a iompórtáladh, méadaíodh an fhlít náisiúnta feithiclí leictreacha beagnach faoi dhó i 2017 go dtí **3,600 feithicil**

Infheistíodh **€5.7 milliún** i 22 tionscadal trí **chomhoibriú mór earnála poiblí** le hOifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

Rinneadh os cionn **360 teach** ina gcónaíonn daoine a bhfuil fadhb ainsealach riospráide a uasghrádú i gcomhoibriú le FSS tríd an **Scéim Teasa agus Folláine**

Foilsíodh **103,000** Rátáil Fuinnimh Foirgnimh chónaithe agus thráchtála

**Deontas soilsithe píolóta do SMEs** Tugadh tacaíocht €535,000 do 60 tionscadal

**Deontas píolóta do threalamh ardéifeachtúlachta feirme déiríochta** (i gcomhar le Teagasc). Tugadh tacaíocht €190,000 do 48 tionscadal

Ghlac
**54,000 dalta**
páirt i gclár scoileanna de chuid an SEAI

Tosaíodh na gníomhaíochtaí Ecodesign agus faireachas margaidh ar lipéadú fuinnimh.

Cuireadh **160 cuairt comhlíontachta** ar mhiondíoltóir / díoltóir i gcrích agus cuireadh 15 táirge ar aghaidh le haghaidh tástála saotharlainne

Síníodh **ceithre chomhaontú comhoibríocha straitéiseacha** leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn chun tionscadail taighde a chomhchistiú

Infheistíodh
**€3.4 milliún**
i dtaighde fuinnimh inbhuanaithe lena n-áirítear **15 tionscadal nua fréamhshamhla fuinnimh aigéin agus 36 tionscadal taighde agus forbartha** a bhaineann le teicneolaíocht ísealcharbóin

Fuair an SEAI cead pleanála don fhostáisiún agus áis ar tír don **suíomh tástála lánscála**

Seoladh suíomh gréasáin nua freagrúil i mí Mheán Fómhair **www.seai.ie**

D'fhreastail **5,000 gairmí** ar Léiriú Fuinnimh de chuid an SEAI in Aibreán


Reáchtálaimid
feachtais
agus tionscnaimh
chun feasacht a mhéadú agus
iompar
a athrú

# Róil agus Freagrachtaí Nua don SEAI i 2017

## Údarás um Fhaireachas Margaidh

Tá an SEAI freagrach as faireachas margaidh maidir le Treoir Éicidhearthóireachta an AE, Rialachán an AE um Lipéadú Fuinnimh agus Rialachán an AE um Lipéadú Bonn, treoir agus rialacháin a leagann síos caighdeáin a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí áirithe.

Is é cuspóir faireachais mhargaidh monatóireacht a dhéanamh ar ghéilleadh,agus géilleadh a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú maidir leis an reachtaíocht seo. Cuireann faireachas margaidh cosc ar shárú, cruthaíonn sé machaire réidh do ghnólachtaí agus cosnaíonn sé tomhaltóirí agus an comhshaol. Is ról nua don SEAI é faireachas margaidh ach tá ár leibhéal gníomhaíochta ag fás go tapa. Ar an dóigh sin, táimid ag cur le feasacht mhéadaithe agus le hiontaoibh as táirgí a bhaineann le fuinneamh. Le linn na bliana 2017, scrúdaíomar 100 asraon miondíola chun seiceáil a dhéanamh ar cibé acu ar thaispeáin siad lipéid fuinnimh i gceart nó nár thaispeáin.

Fuair gach miondíoltóir tuairisc a rinne cur síos ar cé chomh maith is a ghéill siad leis an reachtaíocht. Tá treoirleabhar lipéadaithe á fhorbairt chun tacú leo ina leith sin. Scrúdaíomar 61 asraon a fheistíonn boinn chun géilleadh lena n-oibleagáidí a mheasúnú maidir le faisnéis lipéadaithe bonn a thabhairt do thiománaithe agus boinn nua á bhfeistiú. Thaifeadamar sonraí maidir le níos mó ná 1000 cineál bonn agus sheiceálamar iad chun a fheiceáil an raibh na lipéid ceart. Mar chuid den obair seo, sheiceálamar doiciméid teicniúla agus sheolamar 11 bonn chuig an bhFrainc le haghaidh tástála saotharlainne.Ag cur dearcthaí ionadaithe an tionscail agus páirtithe leasmhara eile san áireamh, d'aithníomar táirgí a raibh riosca níos airde ag baint leo maidir le neamhchomhlíonadh leis an Treoir Éicidhearthóireachta. D'fhreagraíomar do thuairiscí ar neamhchomhlíonadh chomh maith. De thoradh air sin, rinneadh roinnt doiciméad teicniúil a sheiceáil agus seoladh roinnt táirgí chuig an saotharlann le haghaidh tástála comhlíontachta.

## Eacnamaíochta Iompraíochta

Is teaglaim d'eacnamaíocht, síceolaíocht agus socheolaíocht í eolaíocht iompraíochta. Is féidir leis tacú linn tuiscint a fháil ar na bacainní a chuireann cosc le daoine a bheith ag iompar ar son an chomhshaoil agus ar na spreagthaí a athraíonn rún ina ghníomh. Cuireadh aonad eacnamaíochta iompraíochta an SEAI ar bun i 2017 chun léargas ar iompar daoine a úsáid chun soláthar clár atá ann anois agus atá le teacht a fheabhsú. Mar shampla, d'fhéadfadh úinéirí tí an méid a shábhálfar mar thoradh ar infheistíochtaí ina dtithe a mheas faoi bhun luacha mar ní sábhálfar an airgead go dtí am éigin i bhfad romhainn.

Ciallaíonn sé seo nach féidir a ghealladh go ndéanfar roghanna i bhfabhar réiteach fuinnimh inmharthana i gcónaí. Is fíor é seo fiú amháin má tá roghanna den chineál sin inmharthana ó thaobh na teicneolaíochta de agus ó thaobh an airgeadais de chomh maith le tarraingteach. Is fíor agus suntasach iad na bacainní iompraíochta. Tá sé faoin bhfoireann nua réitigh maidir leis na bacainní seo a dhearadh agus a thástáil ionas go mbeidh níos mó daoine in Éirinn ábalta leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le húsáid fuinnimh inbhuanaithe. Thosaigh an fhoireann ag scrúdú na deiseanna chun seachadadh na gclár SEAI atá ann a fheabhsú go luath.
Tá athbhreithniú ar shamplaí idirnáisiúnta déanta acu chun na bearta atá éifeachtach maidir le iompraíochtaí fuinnimh sa bhaile, san ionad oibre agus i spásanna poiblí a athrú a aithint. Tá líon beag scéimeanna píolótach beartaithe chun na réitigh a bhfuil an acmhainneacht is mó acu ó thaobh feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh a laghdú a thriail. Foilseofar moltaí bunaithe ar na scéimeanna seo i 2018.

Tá an t-aonad ag obair le bainisteoirí clár an SEAI le tamall chomh maith le modhanna chun an méid daoine a ghlacann páirt sna scéimeanna atá ann a mhéadú a aithint. Rinne an fhoireann suirbhéanna ar chustaiméirí a bhí ag SEAI roimhe seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar na gnéithe sin den phróiseas deontais a d'oibrigh go maith agus na réimse sin inar mhaith le daoine níos mó tacaíochta. Mar chuid den obair seo, rinne an fhoireann triail i suirbhé chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas a smaoiníonn daoine faoina n-úsáid fuinnimh. Trí dhá leagan difriúla den suirbhé a thabhairt do dhaoine ar bhonn randamach, bhí an fhoireann ábalta tuiscint a fháil ar conas a dhéanann daoine breithiúnais faoin an leibhéal fuinnimh a úsáideann siad. Léiríonn na torthaí go bhfuil daoine a fuair deontais roimhe seo éiginnte faoin méid fuinnimh a úsáideann siad gach bliain agus measann siad i gcónaí go n-úsáideann siad méid níos lú fuinneamh ná an gnáth-theach, dearcadh a bhféadfadh a léiriú nach dtuigeann siad an leibhéal a úsáideann siad i ndáiríre.





Tá **fuinneamh**
glan an-tábhachtach do
**shláinte**
agus
**folláine**
ár dtíre agus na nglúnta
atá le teacht

# SEAI ag déanamh difear ar son gach Úsáideoir Fuinnimh


## Lidl Ireland GmbH

**Eachtraíocht ó thaobh na hailtireachta de ab ea é an tionscadal seo a bhfuil duais buaite aige. Bhí baint dháiríre ag páirtithe leasmhara i measc an phobail leis an tionscadal, idir bhaill foirne agus mhuintir na háite.**

Is foirgneamh ceithre stór é Ceanncheathrú Lidl, an t-íoslach san áireamh, inar féidir 440 duine oibriú. Tá inbhuanaitheacht i gcroílár dhearadh an fhoirgnimh seo a bhfuil deimhniúchán "BREEAM Excellent" agus Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A2 aige Tá balla cúpla gníomhach ag an bhfoirgneamh chomh maith le façade aonadaithe atá nasctha le ceithre stáisiúin aimsire ionas go bhfreagraíonn na dallóga don aimsir, rud a sholáthraíonn nasc follasach leis an taobh amuigh d'fhostaithe. Chomh maith leis sin, tá painéal grianteasa ag an bhfoirgneamh a fhreastalaíonn ar riachtanais uisce te, teaschaidéal foinse aeir le haghaidh teasa faoin urlár, córas cliste BMS a stiúrann soilsiú LED go dinimiciúil, HVAC agus dallóga, dearadh cliste soilsithe nádúrtha, bailiú báistí agus tuilleadh lena chois.

*Is ball de líonra fuinnimh na dtionscal mór é Lidl Ireland.*





# James O'Brien, úinéir tí, Ros Mhic Thriúin

**Bhí cónaí ar James O'Brien, fear atá ar scor anois a bhog go dtí Loch Garman roinnt blianta ó shin, i dteach fuar agus bhí tionchar mór aige sin ar a shaol.**

"Nuair a tháinig mé go dtí Ros Mhic Thriúin 13 bliain ó shin agus cheannaigh mé an teach sin, cheap mé go raibh na ballaí fuar in áiteanna... chuirteá do lámha orthu agus mhothaíteá an fuacht," a deir sé. Deir James, a lig dá sheomra dín insliú agus do bhallaí a thí caidéalú le coirníní polaistiréine chun éifeachtúlacht a mhéadú, "nuair a thagann tú isteach sa halla tríd an túr sin is féidir leat an teas a mhothú. Roimhe seo ní raibh sé ann. Agus ba cheart duit mo bhillí BSL a fheiceáil – is ionann agus dada an méid le íoc agus is fíor é sin. Feiceann daoine gur laghdaigh a mbillí fuinnimh agus is iontach an rud é go bhfuil an SEAI ag cur feabhas beag den chineál sin ar shaol na n-úinéirí tí."

Is fadhb mhór é tearcrochtain fuinnimh in Éirinn inniu agus tá deacrachtaí ag teaghlach amháin as gach ceithre a theach a théamh. Le níos mó ná 20 bliain anuas, sholáthair SEAI uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh arna maoiniú ag an rialtas chun tacú leo siúd a bhfuil an gá is mó orthu, agus d'oibríomar le raon eagraíochtaí chun tacú le díriú ar na húinéirí tí is leochailí. Feabhsaíonn na huasghráduithe seo leibhéil chompoird úinéirí tí, sláinte mheabhrach agus fhisiciúil agus caighdeán na beatha ginearálta.

*Rinneadh teach James O'Brien a uasghrádú a bhuíochas do dheontas fuinnimh baile.*

# Vodafone Ireland

**Tá comhoibriú ar fud na heagraíochta an-tábhachtach do rath Vodafone a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh.**

Chuir Vodafone ISO50001 i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear a n-ionaid sonraí, a siopaí miondíola agus flíteanna ar fud na tíre, a cheap oifigí ag a cheanncheathrú agus ina stáisiúin bhunáite, a meastar go bhfuil 2,300 díobh ar fud na tíre. Chuir saineolaithe ó raon leathan réimsí éagsúla tacaíocht leanúnach ar fáil chun tacú le córas bainistíochta fuinnimh de chuid Vodafone Ireland a chothabháil agus a fheabhsú. Ar an iomlán, baineann an córas bainistíochta fuinnimh úsáid as 2,600 méadar fuinnimh a chuireann léargas ginearálta ardleibhéil ar fáil ar an bhfeidhmíocht i ngach láthair. D'oibrigh an fhoireann fuinnimh agus saineolaithe a bhaineann le hábhar i gcomhar chun bealaí nuálaíochta a aithint chun rochtain a fháil ar fheidhmíocht úsáideoirí difriúla. Bunaithe ar thionscadail atá ar siúl a d'eascair as ISO50001, shábháil Vodafone Ireland 5.6GWh d'fhuinneamh, ar ionann é sin agus € 450,000.

*Is ball de líonra fuinnimh na dtionscal mór é Vodafone Ireland .*





# Cuirimid **neart** ar fáil duit, idir **comhairle agus thacaíochtaí**



# Foireann Fuinnimh Dhún Léire

**"Tá mo chroí istigh ina bheith ag obair sa phobal chun tairbhe gach duine. Bhí mo mháthair ar dhuine de bhunaitheoirí den chomhar creidmheasa áitiúil, agus mar sin nuair a bhí mé ag fás aníos thuig mé an tionchar a d'fhéadfadh pobail áitiúla a bheith acu nuair a thagann siad le chéile. Tá suim mhór agam in athrú aeráide agus tuigim an fhreagracht atá orm maidir leis an tionchar atá ag athrú aeráide ar phobail ar fud na tíre, agus ar fud an domhain go deimhin, a laghdú," a deir Bainisteoir Foirne Fuinnimh Dhún Léire agus ceannaire pobail, Eugene Conlon.**

Leanann Eugene ar aghaidh trí na cúiseanna is bonn lena bhaint sa tionscadal a léiriú. Deir sé, "Ní raibh dabht ar bith gur cheart gluaiseacht fuinnimh inmharthana thosú i mo bhaile dúchais, Dún Léire. Ba mhian liom rud éigin nithiúil agus fiúntach a dhéanamh, rud a mbeadh tionchar buan ar an bpobal inar fhás mé aníos mar thoradh air. Ba mhaith liom gur mhaith le daoine a bheith ina gcónaí i mo phobal, Dún Léire, agus go mbeadh siad ábalta caighdeán ard beatha a bheith acu. Chuaigh an borradh sa gheilleagar i bhfeidhm go diúltach ar go leor pobal. Níor tugadh mórán airde ar na hacmhainní agus an infreastruchtúr atá ag teastáil ó phobail chun go bhfásfaidh siad agus go mbeidh siad faoi bhláth. I nDún Léire, ba mhian linn a chinntiú go mairfimid agus go mbeimid faoi bhláth mar phobal".

Is brateagraíocht é an Bord Forbartha Pobal Dhún Léire do 24 grúpa pobail ó na ceantair mhórthimpeall a bhfuil páirt acu anois i líonra pobal fuinnimh de chuid SEAI.

"Chuireamar Foireann Fuinnimh le chéile chun na cláir fuinnimh laistigh dár líonra a bhainistiú. Bhí sé mar aidhm againn dul i dteagmháil le daoine, an fhírinne maidir le hathrú aeráide a insint do dhaoine agus a léiriú dóibh conas is féidir linn difríocht a dhéanamh dá n-oibreoimis le chéile. Tá freagracht orainn go léir aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus caithfimid díriú ar rudaí praiticiúla a d'fhéadfaimis a dhéanamh inár dtithe agus ár bpobail". D'éirigh le Eugene agus a fhoireann maoiniú a fháil ón SEAI chun 150 foirgneamh ar fud lár Chontae Lú a uasghrádú, lena n-áirítear córais teasa éifeachtúla agus insliú éifeachtúil i 140 teach, club CLG amháin, club sacair amháin agus oifig pobail áitiúil amháin. "Tá difear mór déanta ag na hoibreacha seo maidir le compord na ndaoine ina dtithe agus i bhfoirgnimh phobail. Tá siad ag sábháil airgead ar bhillí fuinnimh anois mar gheall ar laghduithe ar a n-úsáid fuinnimh," a deir Eugene.

Mar fhocal scoir, tharraing sé aird ar na hathruithe fiúntacha atá a ndéanamh ag gluaiseachtaí faoi stiúir an phobail ar fud na tíre le blianta fada anuas. Faoi láthair, tá níos mó ná 130 pobal fuinnimh i líonra an SEAI atá ag tabhairt faoi thionscadail fhadtéarmacha éifeachtúlachta fuinnimh amhlaidh na cinn atá ar siúl againn i lár Chontae Lú. Tá na pobail seo ag seasamh an fhóid agus tá rud éigin á dhéanamh acu. Tá tionchar mór ag pobail a bhíonn ag caint le chéile ar athrú iompraíochta a spreagadh agus tá tionchar i bhfad níos mó aige sin ná institiúid a deir le pobail céard ba cheart dóibh a dhéanamh."

Caithfimid, mar shaoránaigh, úinéireacht a ghlacadh i dteannta a chéile."

*Is ball de líonra pobal fuinnimh SEAI é Foireann Fuinnimh Dhún Léire.*



# Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL)

**Is é ITPL an chéad Institiúid Teicneolaíochta a bhfuil deimhniúchán ISO50001 bainte amach aici.**

Tá foireann ildisciplíneach ilréimsiúil a bhfuil baill foirne agus daltaí ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge mar bhall de ag cur fuinneamh laistigh de ITPL chun cinn. Casann an grúpa comhairleach fuinneamh de chuid ITPL le chéile gach sé seachtaine chun cur ar chumas na foirne agus na ndaltaí aird a thabhairt d'fhuinneamh gach lá, mar shampla sa choláiste agus sa bhaile. Is é ITPL an chéad Institiúid Teicneolaíochta a fuair deimhniúchán ISO50001 agus tá a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 33% 2020 bainte amach acu cheana féin. Thacaigh an tiomantas láidir atá ann ag gach leibhéal san institiúid leis an stádas seo a bhaint amach agus déanann an eagraíocht a dícheall chun úsáid fuinnimh a bhrú síos ar bhonn leanúnach mar ullmhúchán do na spriocanna náisiúnta atá le teacht. Tá 11GWh sábháilte go dtí seo.

*Ghlac ITPL páirt i gclár luasaire an SEAI do dheimhniúchán ISO50001.*


# An Garda Síochána

**Is eiseamláir é An Garda Síochána maidir le feabhsú feidhmíochta agus inbhuanaitheacht fuinnimh – eiseamláir é sin ar cheart d'eagraíochtaí aithris a dhéanamh uirthi agus a léiríonn dea-chleachtas maidir le bainistíocht fuinnimh.**

Is iad an chéad fhórsa póilíní ar domhan a bhfuil deimhniúchán ISO50001 bainte amach acu. Trí thús áite a thabhairt do dheiseanna ísealchostais, feasacht ar fhuinneamh a mhéadú, rannpháirtíocht foirne, oiliúint / bainistíocht agus rialú oibríochtúil. Shábháil an fhoireann straitéise 2.6GWh gach bliain trí iarracht a dhíriú ar bhainistíocht struchtúrtha fuinnimh, tionscnaimh in-athnuaite a thabhairt isteach agus feidhmíocht fuinnimh a bharrfheabhsú. Tacóidh an t-airgead atá sábháilte trí chostais a íoslaghdú le tionscnaimh sábhála fuinnimh amach anseo.

*Is ball de chlár páirtíochta earnála poiblí an SEAI é An Garda Síochána.*





# Ospidéal Naomh Eoin Dé CFTR

**Cuireadh tionscadal iontach sábhála fuinnimh i gcrích ag Naomh Eoin Dé ag a láthair i Stigh Lorgan faoi Chonradh Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) 5 bliana.**

Mar chuid den tionscadal, rinneadh coirí nua a chur in áit coirí uisce te teochta ísle agus rinneadh amhlaidh don phíbobair, rinneadh Córas Bainistíochta Fuinnimh an Fhoirgneamh agus soilsiú LED a uasghrádú, cuireadh clár nua dáileachán leictreachais isteach chomh maith le gineadóir cúltaca díosail. Chuir an t-ospidéal gloiniú dúbailte in áit fhormhór na bhfuinneog gloinithe shingil, athrú a chuir le spáráil fuinnimh de 2.2GWh. Léirigh Ospidéal Naomh Eoin Dé gur féidir neart a shábháil ar úsáid fuinnimh, costas agus úsáid carbóin san earnáil sláinte dá leanfaí an tsamhail EPC. Ar an iomlán, mar gheall ar an spáráil fuinnimh agus carbóin a bhain siad amach tá sárobair déanta acu chun tacú le hoibleagáidí 2020 na hÉireann chun astaíochtaí GHG a laghdú 20%.

*Ghlac Ospidéal Naomh Eoin Dé páirt i gclár eiseamláire conraitheoireachta feidhmíochta fuinnimh de chuid SEAI.*

# Taighde Blocshlabhra ag Ionad Nimbus, IT Chorcaí

**Tá sé mar aidhm ag clár maoiniúcháin RD&D de chuid SEAI comhtháiteacht taighde agus forbairt na hÉireann maidir le fuinneamh a fheabhsú, agus ar an dóigh tógfar todhchaí fuinnimh níos glaine agus sábháilte agus feabhsófar ár ngeilleagar eolasbhunaithe.**

Is gné lárnach de bitcoin í teicneolaíocht Bhlocshlabhra; is ionann Blocshlabhra agus leabhar cuntas teicneolaíoch do gach idirbheart agus cuireann sé taca faoin gcoincheap criptea-airgeadra agus cumasaíonn sé an coincheap chomh maith. Ní do chriptea-airgeadra amháin a d'fhéadfadh blocshlabhra a bheith úsáideach, áfach. Mar shampla, tá foireann taighde Éireannach amháin in IT Chorcaí ag baint úsáid as teicneolaíocht Bhlocshlabhra chun athruithe móra a chur i bhfeidhm ar an earnáil fuinnimh. Shainaithin an fhoireann san Ionad Nimbus in IT Chorcaí fócas taighde nach raibh daoine eile ag leagadh béim air - teicneolaíocht Bhlocshlabhra a chur i bhfeidhm san earnáil iniúchta fuinnimh. Scrúdaigh an fhoireann an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíocht bhlocshlabhra chun creatlach shábháilte agus neamhspleách fíorúcháin agus idirbhirt fuinnimh a fhorbairt do tháirgeoir is tomhaltóir nó pobail neamhspleáiche bheaga.

Tar éis do Phríomhailtire Bogearraí Smartblocks an Dr Alan McGibney agus Comhlacht Seirbhísí Fuinnimh Éireannach comhrá a bheith acu, ceapadh an smaoineamh ar dtús. Bhí deacrachtaí ag an gcomhlacht muinín a gcuid cliant a chothú agus iad ag bailiú agus ag deimhniú eolas faoi spáráil fuinnimh. Tá costas ard ag baint le monatóireacht fuinnimh, méadrú agus fíorúchán agus cuireann sé seo, chomh maith le heaspa trédhearcachta maidir le háirimh fuinnimh, bac le conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh. Cuireann SmartBlocks trédhearcacht ar fáil agus cothaíonn siad muinín na gcliant trí fhíorúchán neamhspleách sábháilte a chur ar fáil maidir le sonraí idirbhirt agus spáráil fuinnimh.


D'fhorbair Alan agus an fhoireann tacar seirbhísí bogearraí a tugann deis do ghrúpaí neamhspleáiche (comhlachtaí seirbhísí fuinnimh, úinéirí foirgnimh, soláthróirí fóntais, trádálaithe fuinnimh) leas a bhaint as conarthaí cliste agus teicneolaíocht bhlocshlabhra chun leabhar cuntas iontaofa agus infhíoraithe d'idirbhearta fuinnimh a chruthú. Forbraíodh fréamhshamhail chomhtháite don chóras SmartBlocks chun tacú le léirsiú agus measúnacht an chuir chuige Bhlocshlabhra seo d'iniúchóireacht leanúnach fuinnimh. Leag taighdeoir sinsir, an Dr Kritchai Witheephanich, béim ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an ghné réamhaisnéisithe fuinnimh chun réamh-mheas éilimh fuinnimh ar an láthair trí shonraí stairiúla leictreacha agus teirmeacha a chumasú, chomh maith le réamh-mheas na hacmhainne giniúna fuinnimh in-athnuaite ar an láthair. Rinneadh an fhréamhshamhail SmartBlocks a riar trí thairseach gréasánbhunaithe. Cuireann an tairseach seo rochtain cheadaithe ar fáil chun an gné SmartBlocks a fheiceáil agus a bhainistiú agus chun bloic, baisceanna agus idirbhearta a amharcléiriú.

I ndiaidh an tionscadail RD&D de chuid SEAI a rinneadh i 2017, tá an grúpa taighde in IT Chorcaí ag tabhairt faoi roghanna chun SmartBlocks a leathnú agus ag druidim le tráchtálú. Chas siad le pearsaí agus grúpaí tábhachtacha agus ba mhaith leo chomhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde a fhorbairt chun an tionscadal a chur chun cinn tuilleadh.

*Tacaíodh le SmartBlocks ag an SEAI tríd an nglaoch ar mhaoiniú i 2017.*



# Infheistímid i **dtaighde** agus **nuálaíocht** fuinnimh agus cuirimid forbairt **teicneolaíochta** nua chun cinn



# David Fitzgerald, feirmeoir déirí, Mala

**Is féidir le feirmeoirí méideanna móra a shábháil ar a mbillí fuinnimh trí teicneolaíocht tiomána luais inathraithe a úsáid ina gcóras folúschaidéil dá mbleánlann. Tríd an mbéim seo, is féidir le feirmeoirí déirí a gcostais oibríochtúla a ghearradh agus a mbunlíne a fheabhsú.**

Feirmeoir amháin a thóg an am chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chaiteachas fuinnimh is ea David Fitzgerald, Mala, a bhfuil 190 bó aige. Deir David, "Táirgim thart ar 1 milliún lítear bainne in aghaidh na bliana agus tá costas tuairim is €8,000 ag baint leis an leictreachas don bhleán seo. Mar sin, bhí mé ag féachaint ar bhealaí chun an bille seo a laghdú agus brabúsacht na feirme a mhéadú." Bheartaigh David córas nua folúschaidéil tiomána luais inathraithe a shuiteáil. Mar a tharlaíonn sé, shuiteáil sé dhá cheann mar gheall ar mhéid a thréada. "Bheartaíomar leas a bhaint as deontas SEAI agus na pumpaí seo a shuiteáil. Tá a fhios agam gur chabhraigh sé seo linn ár mbillí leictreachais a laghdú 30% ar a laghad. Chríochnaigh an suiteálaí an obair laistigh de dhá nó trí lá. Tá an pumpa curtha isteach laistigh de lá amháin, gan aon fhadhb Mar sin, ní chuireann an obair isteach ar an mbleán."

Ní hé spáráil fuinnimh an tairbhe amháin do David agus a gcuid bó. "Ní chreidfeá cé chomh ciúin is atá sé sa mbleánlann leis na pumpaí luais inathraithe. Ní bheadh a fhios agat go bhfuil na meaisíní ar siúl. Tháinig feirmeoirí go dtí m'fheirm chun an mheaisín a fheiceáil agus í ar siúl, agus chuir siad ceist orm faoi cathain a chuirfidh mé an mheaisín ar siúl, ach bhí sí fós ar siúl. Anuas air sin, ní gá dom na leibhéil ola a sheiceáil mar ní úsáideann an pumpa nua ola. Bailíonn brobh beart agus is cinnte go molfainn an pumpa luais inathraithe d'fheirmeoirí eile."

*Fuair David deontas SEAI chun éifeachtúlacht a chórais chaidéil bainne a uasghrádú.*

# An tSeirbhís Otharcharranna Náisiúnta



**Chuir an tSeirbhís Otharcharranna Náisiúnta tionscnamh teicneolaíochta glaise i bhfeidhm dá fhlít otharcharranna éigeandála. Tá trí réimse athraithe sa tionscadal chun úsáid breosla agus astaíochtaí a laghdú.**

Is é an chéad réimse iompar tiomántóra a athrú i bhfíoram. Baineann sé seo úsáid as feithiclí chun rabhadh a thabhairt do thiomántóirí nuair atá siad ag tiomáint róthapa i gcomparáid le céatadán socruithe thar luasteorainneacha náisiúnta na mbóithre. Is é an dara réimse córas uathoibrithe chun fáil réidh le réchasadh feithicle. Is é an tríú réimse córais gréine ar otharcharranna a chomhtháthú, agus mar gheall air seo ní bheidh gá le feithiclí a phlugáil isteach sa ghreille náisiúnta chun iad a luchtú. Úsáideann seirbhísí agus soláthróirí eile teileamaitic chun monatóireacht a dhéanamh agus iarracht a dhéanamh chun iompar a athrú. Is é an tSeirbhís Otharcharranna Náisiúnta an chéad ghrúpa a rinne an t-athrú seo i bhfíoram.

*Bhuaigh an tSeirbhís Otharcharranna Náisiúnta duais sa chatagóir earnála poiblí sna Duaiseanna Fuinnimh SEAI 2017.*



# Monarcha Astellas (AICL) i gCiarraí

**Tá an mhonarcha Astellas (AICL) i gcontae Chiarraí ag déanamh a dícheall i gcónaí chun dea-chleachtas bainistíochta fuinnimh a bhaint amach.**

I 2016, chuir sé an Caighdeán Dearaidh Éifeachtúlachta Fuinnimh IS399 i bhfeidhm. Áirítear leis na trí thionscadal méid an cheaintín a leathnú, uasghrádú maidir le haer comhbhrúite agus uasghrádú ar an bhfuarthóir. Mar gheall air sin, shábháil fuinneamh de 1.7GWh. Tá an chuid is mó den obair chun deimhniúchán ISO50001 a bhaint amach déanta ag Astellas anois, agus shainaithin an chomhlacht gur réimse tábhachtach le haghaidh feabhais leanúnaigh é 'dearadh éifeachtúlachta fuinnimh'. Cinntíonn an cur chuige iomlánaíoch seo go bhfeabhsófar feidhmíocht fuinnimh trí fheabhas dearaidh amach amseo.

*D'oibrigh Astellas i gcomhar le SEAI sa réamhfhorbairt don Chaighdeán Bainistíochta Dearaidh Éifeachtúlachta Fuinnimh.*

# The Monasterboice Inn

### 'An bhfuil gá le bolgán anseo fiú?'

Is próiseas é EXEED (Excellence in Energy Efficient Design, nó Barr Fheabhais i nDearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh) a chomhtháthaíonn bainistíocht fuinnimh mar chleachtadh ag an chéim is luaithe de dhearadh foirgnimh. Tugann sé aghaidh ar costais saolré fuinnimh agus charbóin agus cuireann sé glacadh le réitigh fhadtéarmacha chun cinn. Teastaíonn cur chuige iomlánaíoch agus smaointeoireachta córas ó EXEED, cur chuige a thugann dúshlán, atá i mbun nuálaíochta agus a chuireann glacadh le réitigh fhadtéarmacha chun cinn seachas bua gasta nó deiseanna aonair. Ceistíonn sé freagraí a meastar go bhfuil siad soiléir, cosúil le freagra don gceist 'An bhfuil gá le bolgán anseo fiú?' seachas cinneadh a dhéanamh an bolgán a athrú leis an gcomhionann LED.

Glac The Monasterboice Inn, mar shampla, bialann agus ionad in aice le Droichead Átha, a rinne éifeachtúlacht fuinnimh a fhoirgneamh a uasghrádú go suntasach. Chuir an fhoireann teorainn timpeall an foirgneamh a bhí ann agus an seomra nua comhdhála, agus ansin d'úsáid siad an próiseas EXEED chun dúshlán a thabhairt dá n-úsáideoirí is mó fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a bharrfheabhsú.

Shuiteáil siad insliú ardghráid ar fud na háite agus soilsiú cliste ina seomraí comhdhála agus carrchlós. Dhear siad ionad nua comhdhála chun solas nádúrtha lae a uasmhéadú agus spás geall tarraingteach a sholáthar. Tháinig pumpaí teasa fuinnimh in-athnuaite, ceann amháin díobh a thóg fuinneamh ó shruth ar an láthair, in áit seanchoirí gáis, rud a sholáthróidh teas agus fuarú don fhoirgneamh. Úsáidtear aer te ón chistin chun an t-uisce a théamh. De thoradh air sin, measann siad go laghdóidh siad úsáid fuinnimh 45%, agus ar an dóigh sin feabhsófar brabúsacht agus laghdófar astaíochtaí carbóin. Tuarann siad go bhfaighidh siad an t-airgead ar ais tar éis thart ar thrí bhliain go leith.

Tá an próiseas deimhniúcháin EXEED tosaithe ag Monasterboice Inn agus tá sé mar aidhm acu an gradam 'EXEED Verified' a bhaint amach, gradam a léireoidh a dtiomantas agus díocas chun aghaidh a thabhairt ar a gcostais agus úsáid saolré fuinnimh agus charbóin.

*Fuair The Monasterboice Inn deontas ó SEAI i leith a thionscadail uasghrádaithe EXEED.*





# Léargas ar 2017



**EANÁIR**
Ghlac 400 toscaire páirt sa **Chéad Chomhdháil bhliantúil Earnála Poiblí**

**BEALTAINE**
Fuair Meánscoil na nUrsalach, Tiobraid Árainn, an príomhghradam ag na babhtaí ceannais de **One Good Idea** i bPáirc an Chrócaigh




**MEITHEAMH**
D'fhoilsigh SEAI staidéar maidir le **'Costais agus tairbhí gáis in-athnuaite'**



EAN | FEA | MÁR | ABR | BEA | MEI

**FEABHRA**
Sheol SEAI **tairseach sonraí idirghníomhach** do thaighdeoirí agus anailísithe beartais



**BEALTAINE**
D'fhoilsigh SEAI an staidéar **'Deis na hÉireann maidir le slabhra breisluacha gréine'**

**MEITHEAMH**
Reáchtáil SEAI an chéad **Chomhdháil bhliantúil iarfheistithe dhomhain**



**AIBREÁN**
**€85 milliún gnó** a ghintear go bliantúil Taispeántas Fuinnimh SEAI



**IÚIL**
Fógraíonn SEAI 25 tionscadal chun infheistíocht **€1 milliún RDD a roinnt**

**LÚNASA**
Foilsíodh SEAI a **straitéis cúig bliana**

**DEIREADH FÓMHAIR**
Críochnaíodh **clár uasghrádaithe fuinnimh** lár-rialtais €4 milliún i gcomhar leis an OPW



**SAMHAIN**
**Fograíodh buaiteoirí** na nDuaiseanna **Fuinnimh SEAI**

IÚIL | LÚN | MF | DF | SAM | NOL



**MEÁN FÓMHAIR**
Seoladh **scéim tacaíochta nua éifeachtúlachta fuinnimh** d'fheirmeoirí déirí

**SAMHAIN**
**Comhdháil bhliantúil Líonra Pobal Fuinnimh** in Baile Átha Luain

**NOLLAG**
Seoladh an SEA tuarascáil **'Fuinneamh in Éirinn'**





Cuirimid comhairle ar fáil don Rialtas chun

# eolas a thabhairt do bheartas fuinnimh



# Rialachas Corparáideach

Tá Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sna Ráitis Airgeadais le haghaidh 2017 de réir Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## SWiFT 3000 Deimhniúchán Rialachais Corparáideach/Measúnú Seachtrach

In Aibreán 2011, b'í SEAI an chéad eagraíocht Eorpach, phoiblí nó phríobháideach, ar ar bronnadh deimhniúchán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faoi chaighdeán SWiFT 3000. Is caighdéan é seo a bhaineann le measúnú ar Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in Éirinn. An aidhm atá ann ná measúnú a dhéanamh ar chreat rialachais corparáideach eagraíochtaí agus go háirithe, an leibhéal comhlíonta laistigh d'eagraíochtaí maidir le cóid rialachais agus dea-chleachtais. Tá an deimhniúchán SWiFT 3000 coimeádta ag SEAI ó shin. Cuireadh críoch leis an athbhreithniú is déanaí ar chomhlíonadh SEAI riachtanais SWiFT 3000 i mí Feabhra 2018. Mar sin, tá SEAI ag leanúint air an caighdeán is fearr de rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Mar chuid de phróiseas deimhniúcháin SWiFT 3000, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar struchtúir, ar phróisis agus ar ábhar Bhoird SEAI, mar aon le hathbhreithniú ar chomhlíonadh reachtaíocht SEAI, Creat Rialachais Corparáideach SEAI, fógairt leasa chomhaltaí an Bhoird agus feidhmiúchán coistí an bhoird. Sa mheasúnacht is déanaí, rinneadh athbhreithniú ar SEAI ar bhonn comhlíonadh Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, leasaithe i mí Lúnasa 2016.

## Rialachas

Is é foinse phríomha an rialachais chorparáideach le haghaidh SEAI ná an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana. Ní mór don ghníomhaireacht cloí, áfach, le réimse riachtanais reachtaíoctha (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Deimhníonn SEAI gur chloígh sé lena dhualgas na riachtanais seo a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm chun cinnte a dhéanamh de go gcloítear le riachtanais áirithe:

### Riachtanais Riaracháin agus Beartais Ginearálta

Ag an mbonn náisiúnta, oibríonn SEAI go dlúth le hoifigigh ábhartha sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus oifigigh ó Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile chun a aidhmeanna a chur chun cinn, agus chun a chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais reachtaíochta, riaracháin agus Aire/Rialtais. Ag an mbonn áitiúil, oibríonn SEAI go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile agus raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí, chun beartas agus tionscnaimh fhuinnimh inmharthana a fhorbairt go gníomhach. Tá sé mar bhonn agus mar thaca ag an aidhm straitéiseach náisiúnta go mbeidh ról lárnach ag SEAI geilleagar ísealcharbóin a thabhairt isteach trí bhearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar an athrú go dtí todhchaí níos cliste agus níos inbhuanaithe maidir le fuinneamh. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht seo de réir treoracha beartais áirithe eisithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil.

### Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

I Meán Fómhair 2016, ghlac Bord SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Cuireann SEAI faisnéis ar fáil le haghaidh comhaltaí an Bhoird maidir le riachtanais an Chóid agus tá gníomhaíochtaí, nósanna imeachta agus tionscnaimh curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Mar a luadh thuas, déantar measúnú ar SEAI maidir le comhlíonadh an Chóid faoi phróiseas deimhniúcháin SWiFT 3000. Ina theannta sin, tá a chreat um Chód Rialachais féin ag SEAI, a chorpraíonn riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord SEAI athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an gCód seo agus tá sé le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI ag www.seai.ie.

Sa chomhthéacs seo, deimhníonn SEAI go gcomhlíonann sé na hailt a leanas den Chód Cleachtais;

#### Section 1: Ról an Bhoird

**Atl1.2 Caighdeáin Eiticiúla:** Mar atá luaite thuas, i gcomhar le hardbhainistíocht SEAI tá Creat Chód Rialachais ar leith forbartha ag Bord SEAI. Leagann an creat síos na struchtúirí agus nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil na socruithe rialachais agus freagrachta san Údarás láidir agus éifeachtúil. San áireamh sa Chreat seo tá Cód Iompair Gnó le haghaidh comhaltaí an Bhoird, agus an t-iompar atá ag teastáil ag Cruinnuithe an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí an Bhoird agus do bhaill foirne ainmnithe reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil.

**1.7 Cúrsaí le haghaidh cinnidh ag an mBord:** Tá sceideal foirmeálta faofa ag Bord SEAI maidir le Cúrsaí faoi leith atá le haghaidh cinnidh, chun a chinntiú go bhfuil treo agus rialú an chomhlachta go daingean ina lámha acu.

**Alt 1.11 Coimhlint leasa:** Tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag Bord SEAI chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlint leasa a d'fhéadfadh tarlú sa Bhord agus sa bhainistíocht.

**Alt 1.14 Nochtadh Cosanta:** Ag cruinniú ar 1 Márta 2017, d'fhaomh Bord SEAI Cairt Sceithire a chuireann san áireamh na riachtanais nua a eascraíonn ón Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

**Alt 1.17 Ráiteas Straitéise:** Ghlac Bord SEAI le Ráiteas Straitéise don tréimhse 2017 – 2021 agus rinneadh é seo a lainseáil i mí Iúil 2017. Chomhaontaigh an Bord go mbeadh próiseas comhsheasmhach ann chun monatóireacht a dhéanamh ar nuashonrúcháin agus forbairt maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Tá an Straitéis seo le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI www.seai.ie

### Alt 6: Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste Ráitis Airgeadais SEAI a iniúchadh go bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil iad mar aon le Tuarascáil Bhliantúil SEAI i gcomhlíonadh an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Áirítear scrúdú bliantúil ar Ráiteas Rialú Inmheánach. Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha seo isteach de réir na riachtanais atá leagtha amach in alt 1.9 de réir riachtanais Gnó agus Airgeadais an Chóid leasaithe. Deimhníonn SEAI go gcomhlíonann sé beartas an Rialtais maidir le híocaíocht iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus íocaíocht baill foirne eile de réir socruithe leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lena chois sin, comhlíonann SEAI na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht táillí do Chathaoirligh agus Stiúrthóirí/baill Chomhlachtaí Stáit, arna eisiú ag an Aire Airgeadais. Tá sceideal an Bhoird maidir le táillí agus speansais le haghaidh Comhaltaí Boird leagtha amach sa Ráiteas Rialachais.

### Alt 7: Bainistiú Riosca agus Rialú Inmheánach

**Alt 7.1 Bainistiú Riosca:** Tá beartas cuimsitheach maidir le measúnú agus bainistiú riosca forbartha ag SEAI agus tá an creat ginearálta le haghaidh bainistiú riosca faofa ag an mBord. Tá meicníochtaí cuí curtha i bhfeidhm ag Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil sé ag obair mar is cóir agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

### Alt 7.4: Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Rialú Inmheánach

Tá córas rialú inmheánach éifeachtach i bhfeidhm ag SEAI. Déanann iniúchóirí inmheánacha atá ar conradh athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialú inmheánach, agus is amhlaidh a bhí in 2017. Cuireadh na riachtanais nua i dtaca leis an athbhreithniú seo i bhfeidhm don bhliain 2017 mar atá leagtha síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an t-athhreithniú ar Rialú Inmheánach agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach a bhaineann leis faofa ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca SEAI agus ag an mBord. Tá an t-athbhreithniú deimhnithe sa litir bliantúil ón Chathaoirleach go dtí an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. In theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirligh ar rialú inmheánach san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach lch 45).

**Alt 7.7 Iniúchadh Inmheánach:** Tá feidhm Iniúchadh Inmheánach seanbhunaithe ag SEAI de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt foirmeálta aige atá faofa ag an mBord.

**Alt 7.12 Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca:** Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca seanbhunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha faoi leith aige, atá faofa ag an mBord agus ar a ndéantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

### Alt 8: Máthair-Roinn agus Ról Maoirseachta

**Alt 8.4 Comhaontuithe Maoirseachta:** Tá Comhaontú maidir le maoirseacht agus Feidhmiú/Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus déantar é seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

**Alt 8.16 Gnáthaimh Soláthair:** Tá próiseas gnáthaimh Soláthair cuí ag SEAI a chomhlíonann na luachanna tairsí reatha chun rialacha náisiúnta agus an AE a chur i bhfeidhm. Is buan-nós imeachta é an córas tairiscintí iomaíocha sa phróiseas seo.

**Alt 8.44 Comhlíonadh Cánach:** Dearbhaíonn an Cathaoirleach sa litir a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil go gcomhlíonann SEAI a dhualgais faoin dlí cánach.

### Treoirlínte um Bhreithmheas agus Bhainistiú ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá gnáthaimh láidir sheanbhunaithe i bhfeidhm ag SEAI chun breithmheas agus bainistiú a dhéanamh ar Thograí Caiteachais Chaipitiúla faoi na cláir Caipiteal (deontais).

### Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus is tosaíocht sheanbhunaithe é an comhionannas san eagraíocht. Tá clár comhionannais agus éagsúlachta forásach ag SEAI. Tá roinnt scéimeanna ar bun a thugann deiseanna don fhoireann maidir le riachtanais foirne agus gairme a bhaint amach, lena n-áirítear saoire staidéir, cláir oideachasúla srl. Éascaíonn Próiseas Pleanála Feidhmiú agus Fás de chuid SEAI an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil. Cuireann SEAI luach ar an éagsúlacht agus déanann sé tréaniarracht bheith ina fhostaitheoir comhionannais a chuireann fáilte roimh rannpháirtíocht phearsanta agus a chuireann luach ar dhifríochtaí. Tá SEAI tiomanta do chothromaíocht oibre is saoil a fhorbairt agus a chothabháil don fhoireann go léir.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann an tAcht seo, a ionadaíonn forálacha an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair 1998, an dlí a bhí ann cheana féin a chomhdhlúthú agus a uasdhátú. Leanann SEAI air ag glacadh céimeanna chun sábháilteacht agus leas na n-oibrithe agus an gcuairteoirí go léir a chosaint, agus feasacht a spreagadh laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a bhaint amach. Baineann sé seo le hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 agus 2004 chomh maith.

### Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag SEAI a leagann amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin. San áireamh sa Chairt seo tá nós imeachta chun deileáil le gearáin, más ann dóibh. In 2017 fuarthas 27 gearán faoin gCairt seo. Tá seo le fáil freisin ar www.seai.ie

### An tAcht um Phrapíocaíocht Cuntas 1997

Tagann SEAI faoi chúram an Achta um Phrapíocaíocht Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002. Is polasaí é de chuid SEAI cinnte a dhéanamh de go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Tá gnáthaimh i bhfeidhm, áfach, a chinntíonn go n-íoctar ús ar riaráistí, más gá.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir na nAchtanna thuas luaite, cuireann comhaltaí Bhoird SEAI Ráitis Choimhlint Leasa faoi bhráid an Rúnaí gach bliain i gcomhlíonadh fhorálacha an Achta. Lena chois sin, comhlíonann baill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu an dá Acht.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasaithe) 2003

Is comhlacht forordaithe é SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus comhlíonann sé riachtanais na nAchtanna go hiomlán. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoi na hAchtanna a chuir chuig an Oifigeach FOI, SEAI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

### An tAcht um Chosaint Sonraí 1998 agus 2004

Tá SEAI cláraithe mar aonad rialaithe sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann an Chosaint Sonraí le cearta daoine maidir le príobháideachas a chosaint agus le smacht a choimeád ar úsáid fhaisnéis phearsanta.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá SEAI laistigh de théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a tháinig i bhfeidhm ar 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a sholáthar le haghaidh seirbhísí trí Ghaeilge a sheachadadh. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil i mBéarla agus i nGaeilge.

# Tuarascáil Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2017

## Oifigí SEAI


In 2017, bhí laghdú 7.6% ar ídiú iomlán fuinnimh in SEAI. Bhí laghdú 9% ar ídiú leictreachais agus fuinnimh teirmeach ina spás oifige. Os a choinne sin, bhí méadú beag ann in ídiú breosla iompair mar bhain an fhoireann úsáid níos mó as carr i bpáirt SEAI seachas a gcarr féin a úsáid. Is i Meán Fómhair 2016 a bhain SEAI deimhniúchán amach den chéad uair don Chaighdeán Idirnáisiúnta um Bhainistiú Fuinnimh ISO50001. Den chuid is mó, is de bharr feabhais ar rialú oibriúcháin agus ar mhonatóireacht fuinnimh a tharla na laghduithe fuinnimh is deireanaí, atá riachtanach de réir ISO50001.

Tá foireann SEAI lonnaithe i 1,398 m2 de spás oifige i mBaile Átha Cliath, Dún Delagan, Corcaigh agus Sligeach. Tá na hoifigí go léir foligthe laistigh d'fhoirgnimh níos mó. Seo thíos athchoimre d'ídiú fuinnimh thar na ceithre oifg:

| ÍDIÚ DÍREACH FUINNIMH LE HAGHAIDH OIFIGÍ AGUS CARR I BPÁIRT | 2016 | 2017 |
|---|---|---|
| Leictreachas don Solas, TFC, Cumhacht san Oifig, Teas Aeráil & Aerchóiriú (kWh ÚID*) | 120,815 | 112,669 |
| Gás Nádúrtha le haghaidh Teasa (kWh ÚID) | 63,894 | 56,144 |
| Gás marcáilte le haghaidh Teasa (kWh ÚID) | 11,602 | 11,164 |
| Peitreal le haghaidh carr i bpáirt (kWh ÚID) | 7,379 | 8,249 |
| IOMLÁN DON IDIÚ DÍREACH | 203,690 | 188,227 |
| Astaíochtaí $CO_2$ (kg) | 86,474 | 70,955 |

* Úsáid Iomlán Deiridh (ÚID)

Astaíochtaí CO2 (kg)




## Gníomhaíochtaí tíosach ar fhuinneamh molta le haghaidh 2018

Deimhniúchán ISO50001 san eagraíocht iomlán a choimeád, a chinnteoidh go ndíreofar ar fheidhmíocht fuinnimh feabhsaithe. Beidh na moltaí ag díriú go príomha ar an gceanncheathrú i nDún Dealgan agus ina measc beidh:

- Uaireadóir ar choire burco chun ídiú leictreachais a laghdú taobh amuigh d'uaireanta oifige
- Seirbhís ar aonad aerchóirithe sa seomra freastalaithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht
- Teocht sa seomra freastalaithe a ardú chun ualach fuaraithe a ísliú
- Zónáil ar sholas agus rialú feabhsaithe chun ró-sholas a sheachaint
- Treoirthionscadal a chur i bhfeidhm ar a dtugtar Sármhaitheas sa Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh (EXCEED) sa cheanncheathrú i dTeach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2. Beidh sé ina thionscadal taispeántais do chlár nua EXCEED de chuid SEAI, agus seachadóidh sé freisin tionscadal tíosach ar fhuinneamh laistigh den chóras bainistíochta fuinnimh ISO50001 atá ann cheana féin.
- Ceannófar dhá fheithicil leictreach agus trealamh luchtaire ag 3 de na 4 oifig mar aon le bogearraí monatóireachta fuinnimh.




Soláthraíonn éifeactúlacht
fuinnimh
tairbhí
éifeactúlacht
agus fostaíochta

# Ráiteas Rialacháin agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2017

Bunaíodh Bord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus thosaigh sé ar 1 Bealtaine 2002. Rinneadh leasú ar an Acht leis an Acht um Fhuinneamh 2016. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 6 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus tá sé freagrach as cinntiú go mbeidh dea-rialachas ann. Téann sé i mbun an chúraim seo trí aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha a leagan síos, agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhchúrsaí gnó. Tá an ghnáthbhainistíocht laethúil mar aon le smacht ar an treo ina bhfuil SEAI ag dul, faoi chúram an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach a leanúint atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí an Bhoird go léir maidir leis na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann le SEAI, agus leis na príomhrioscaí suntasacha a d'fhéadfadh tarlú. Feidhmíonn an POF mar theagmháil dhíreach idir an Bord agus bainistíocht SEAI.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá ról an Bhoird leagtha amach in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus tá sonraí faoi na freagrachtaí faoi leith atá ag an mBord, ar bhonn aonair nó ar bhonn corparáideach, le fáil i gCreat an Chóid Rialachais. Déantar é seo a fhaomhadh go blaintúil agus tá sé le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI (www.seai.ie). Sa cháipéis seo, pléitear le cúrsaí ar a ndéanann an Bord amháin cinntí agus áirítear i measc na míreanna seasta ag cruinnuithe an Bhoird:

- Córam agus Fógairt Leasa
- Fiorú miontuairiscí an chruinnithe is deireanaí
- Nithe ag éirí as agus Gníomhphointí gaolmhara
- Tuarascáil an Chathaoirligh
- Tuarascáil an POF
- Tuarascálacha Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairt Straitéiseach SEAI agus tuarascálacha feidhmiúcháin
- Tograí deontais agus soláthair a phlé, de réir údaráis tarmligthe faofa
- Tuarascálacha Fhochoistí a phlé
- Athbhreithniú ar Riosca Corparáideach/Bainistiú Riosca
- Rialachas agus cúrsaí a choimeádtar siar

Cuireann Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 iallach ar an Údarás cuntais chuí a choimeád d'aon airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, i bhfoirm a d'fhéadfadh an tAire a fhaomhadh, le toil an Aire Airgeadais. Agus na cuntais airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór do Bhord SEAI:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé mí-chuí glacadh leis go leanfaidh an comhlacht ar aghaidh, agus
- Deimhniú gur baineadh úsáid as caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a coimeád, a nochtaíonn go cruinn ag am ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas bheith cinnte go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmhartana 2002. Tá cothabháil agus sláine na faisnéise airgeadais agus corparáideach ar shuíomh gréasáin SEAI faoi chúram an Bhoird.

Ta an Bord freagrach as an bplean agus an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmiú SEAI maidir leis an bplean agus an mbuiséad bliantúil go luath in 2018 agus cuireadh críoch foirmeálta leis ar 19 Aibreán 2018.

Ta an Bord freagrach as a sócmhainní a chosaint agus dá bharr sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois a sheachaint agus aon mhírialtacht eile. Tá beartas faoi leith Frith-Chalaoise ag Bord SEAI.

Measann an Bord gur léiriú fíor agus cóir iad na ráitis airgeadais le haghaidh 2017 ar fheidmíocht agus staid airgeadais SEAI ar 31 Nollaig 2017.

## Bord agus Coistí 2017

### Struchtúr an Bhoird

Ceapann an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil comhaltaí Boird, le toil an Aire Airgeadais, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002, arna leasú ag an Acht um Fhuinneamh 2016. Nuair a cheaptar comhaltaí nua, cuirtear faisnéis fhairsing ar fáil dóibh maidir leis an gníomhaireacht agus a hoibríochtaí. Tá 12 chomhalta ar Bhord SEAI. Ainmníonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil comhalta amháin (seachas an Príomhfheidhmeannach) ar feadh tréimhse nach bhfuil níos faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhse 5 bliana agus is féidir iad a athcheapadh.

Oibríonn Bord SEAI de réir prionsabal dea-chleachtais maidir le rialachas corparáideach ar aon dul leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá próiseas ionduchtúcháin agus forbartha ata oiriúnach agus cuimsitheach i bhfeidhm le haghaidh comhaltaí Boird.

Tá an Bord freagrach as an gcroístraitéis agus as beartais don eagraíocht a leagan síos. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach, agus as próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm a chinteoidh go bhfuil an córas éifeachtach. Baineann sé na feidhmeanna seo amach go díreach agus trí Choistí Boird faoi leith de réir Théarmaí Tagartha faofa. Tá bainistíocht shinsearach SEAI freagrach as beartas a chur i bhfeidhm.

Feidhmíonn an Bord de réir na forálacha leagtha amach do Bhord an Údaráis san Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Ar aon dul le forálacha an Achta, leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, agus an Cód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá sé de dhualgas ar chomhaltaí Boird SEAI Ráiteas Coimhlint Leasa a chur ar aghaidh gach bliain chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus chuig Rúnaí an Bhoird.

In Eanáir 2018 i gcomhthéacs éifeachtúlacht an Bhoird, rinne an Bord athbhreithniú ar a ghníomhaíochtaí le haghaidh 2017. Cuireadh tús i mí na Nollag 2017 le measúnú seachtrach ar chomhlíonadh SEAI an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus cuireadh críoch leis i mí Feabhra 2018, mar chuid de phróiseas deimhmiúcháin Rialachas Corparáideach SWiFT 3000.

# BORD SEAI 2017



## Julie O'Neill

Cathaoirleach ceapadh ar 6 Bealtaine 2015

Is úinéir í Julie de Join the Dots, sainchomhairleoireacht bhainistíochta straitéiseach neamhspleách. Bhí sí mar Ard-Rúnaí ag an Roinn Iompair ó 2002 go dtí 2009, agus le linn a saoil oibre sa tseirbhís phoiblí, d'oibrigh sí in ocht roinn rialtais. Tá sí ina comhalta Boird i Ryanair, Permanent TSB agus Axa Life Europe. Tá MSc in Anailís Beartais ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus B. Comm ó UCD. Bhí sí ina comhalta ar Bhord SEAI roimhe seo ó Mhéan Fómhair 2011 to dtí Meán Fómhair 2014.



## Jim Gannon

POF Ex Officio ceapadh ar 23 Bealtaine 2016

Tá céim ag Jim san Innealtóireacht ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Máistreacht sa Mheasúnú Comhshaoil ó Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth, agus MBA ó Scoil Ghnó Smurfit i UCD. Chaith sé a shaol oibre san earnáil fuinnimh, ag seachadadh tionscadail ag leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach d'eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus phoiblí. Ina measc bhí tionscadail san fhuinneamh In-athnuaite agus gnásúil, infreastruchtúr tarchuir agus dáilte, bainistiú ar éileamh fuinnimh agus forbairt teicneolaíochta.



## Anne Farrell

Ceapadh ar 24 Aib 2012 – chuaigh ar scor ar 1 Beal 2014, athcheapadh ar 27 Beal 2014, chuaigh ar scor ar 1 Beal 2016 agus athcheapadh ar 3 Deireadh Fómhair 2016

Is stiúrthóir comhalchta í Anne sa ghnólacht teaghlaigh Squarefit Ltd. Tá taithí aici ar chúrsaí fuinnimh agus inmharthanachta a bhaineann leis an iompar, m. sh. dramhaíl laistigh den tionscal, bainistiú agus athchúrsáil bonn, agus úsáid mhéadaithe d'fheithicil leictreacha. I measc gníomhaíochtaí eile, d'oibrigh sí le hAonad Eacnamaíochta agus Sóisialta GTW (Partas anois) ag forbairt beartas maidir le bochtaineacht bhreosla agus tithe a athfheistiú le hinsliú feabhsaithe. Bhí sí ar Bhord Ospidéal Thamhlachta. Tá céim aici ó UCD san Eacnamíocht agus sa tSíceolaíoch mar one le MA ó DIT sna hIlmheáin Idirghníomhacha.



## Michael McGarry

Ceapadh ar 14 Bealtaine 2013 – chuaigh ar scor ar 1 Bealtaine 2016 agus athcheapadh ar 3 Deireadh Fómhair 2016

Tá baint ag Michael san fhoirgníocht agus sainchomhairleoireacht thar lear ag soláthar seirbhísí innealtóireachta. Roimhe seo bhí sé ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Innealtóireacht Suir (anois Imtec Suir) agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais i Kentz Corporation i gCluain Meala. Sa ról seo, nuair a cuireadh tús le hoibríochtaí thar lear, chaith sé mórán ama ann i mbun bainistíochta na n-oibríochtaí sin. Bhí sé sa Bhreatain freisin ar feadh seala ag obair san fhoirgníocht chónaitheach. Ta céim BComm aige ó UCD (1971) agus bhain sé cáilíocht amach mar chuntasóir cairte le KKPMG in 1975.



## Pat Gilroy

Ceapadh ar 14 Bealtaine 2013, chuaigh ar scor ar 1 Bealtaine 2015, athcheapadh ar 6 Bealtaine 2015 agus d'éirigh as ar 30 Meán Fómhair 2017

Is Stiúrthóir Bainistíochta é in Éirinn den Design Group. Is céimní é ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Bhí sé gníomhach sa BSL, Amdahl Ireland Ltd agus EEL FM Ltd, roimh ceannasaíocht a ghlacadh ar FP2, a díoladh le Dalkia in 2001. Ina dhiaidh sin, bhí se ina phríomhoifigeach oibriúcháin do Chustaiméirí Tionscail agus bhí sé ina Stiúrthóir Tíre agus na Breataine do Veolia. Is ball é de Chomhairle Náisiúnta IBEC agus den Údarás Ceannais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



## Anne Connolly

Ceapadh ar 2 Beal 2013, chuaigh ar scor ar 1 Beal 2015, athcheapadh ar 6 Beal 2015 agus d'éirigh as ar 13 Meitheamh 2017

Is POF í Anne den Irish Smart Ageing Exchange (ISAX), tionscadal nua atá mar fheidhm aige méadú a chur ar poist agus ar earraí easportála sa mhargadh do dhaoine aosta.Bhí sí ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin (2006-2013) den Líonra Agewell, meitheal machnaimh neamhspleách, a chothaíonn athruithe sóisialta. Bhí a Comhairleoireacht bainistíochta féin aici ar feadh 12 bhliain. D'oibrigh sí le heagraíochtaí deonacha, príobháideacha agus poiblí ag forbairt a bpleananna straitéiseacha agus ag cur cláir athraithe i bhfeidhm. I measc poist Boird eile neamhfheidhmiúcháin bhí An Post, RHD VHA, Fabulous Beast Dance Company, ICC Bank agus APSO. Bhí sí ina Cathaoirleach de Chlann Shíomáion na hÉireann.



## Dr Peter Brennan

Ceapadh ar 6 Bealtaine 2015, athcheapadh ar 9 Bealtaine 2018

Is Stiúrthóir Bainistíochta é Peter de EPS Consulting, comhairleoireacht taighde um bheartas poiblí, agus Cathaoirleach de Sheirbhísí Bid Management, an comhlacht comhairleach is mó sa tír maidir le tairiscint agus soláthar. Tá suim agus saineolas faoi leith aige san athrú aeráide agus san fhuinneamh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde um Athrú Aeráide an IEA ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir do Chomhchoiste an Oireachtais ar Athrú Aeráide agus Fuinneamh. Bhí sé ina léachtóir ar chúrsa Máistreachta DCU Maoiniú Fuinnimh Inmharthana. Ta eLeabhar scríofa aige ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir d' IBEC do Chúrsaí Eorpacha agus Forbairt Straitéiseach, agus bhí sé ina Stiúrthóir den Oifig Gnó Éireannach lonnaithe sa Bhruiséil ó 1986 go 2001. Níos luaithe ina shaol oibre d'oibrigh sé sna Ranna Tionscail agus Fuinnimh, agus Gnóthaí Eachtracha.



## Dr Lisa Ryan

Ceapadh ar 6 Bealtaine 2015, athcheapadh ar 9 Bealtaine 2018

Is eacnamaí fuinnimh sinsearach í Lisa san éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus eacnamaíocht athrú aeráide. Chuaigh sí isteach san Institiúid Fuinnimh i UCD mar thaighdeoir sinsearach san eacnamaíocht fuinnimh i Meán Fómhair 2014. B'í an t-eacnamaí fuinnimh sinsearach san Aonad Éifeachtúlacht Fuinnimh ag an IEA i bPáras go dtí samhradh 2013. Is ann a bhí sí mar cheannaire ar thionscadail bainteach le maoiniú éifeachtúlacht fuinnimh, iompar, agus beartas trasearnála. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh sí mar shainchomhairleoir neamhspleách san eacnamaíocht fuinnimh agus chomhshaoil. Tá PhD ag Lisa san eacnamaíocht chomhshaoil ó UCD mar aon le hiarchéimeanna agus bunchéimeanna eile san eacnamaíocht agus san innealtóireacht ó UCD agus an Colorado School of Mines, SAM.



## Michael Wall

Ceapadh ar 6 Bealtaine 2015, athcheapadh ar 9 Bealtaine 2018

Is abhcóide é Michael a dhéanann sainchúram den fhoirgníocht, an phleanáil agus an dlí comhshaoil. Is múinteoir páirtaimseartha é ar chláir mháistreachta UCD sa phleanáil, dearaidh uirbeach agus ailtireacht tírdhreacha. Is ailtire agus pleanóir cáilithe é agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó Smurfit i UCD. Bhí Michael ina chomhalta den Bhord Pleanála ó 1996 go dtí 2006. Roimhe sin d'oibrigh sé mar ailtire i gcleachtadh príobháideach. Tá sé ar Choiste Comhairleach Pleanála NAMA ó bunaíodh é in 2010. Is eadránaí cáilithe e Michael freisin.



## Kevin Brady

Ceapadh ar 16 Feabhra 2017

Is é Kevin Príomhoifigeach i bhfeighil na Rannóige um Bheartas Fuinnimh Straitéiseach sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Sa ról seo, tá sé freagrach as beartas fuinnimh Eorpach agus náisiúnta a chomhordú agus a fhorbairt. Tá céim aige san innealtóireacht agus MA san eacnamíocht ó UCD. Roimh dó dul i mbun an ról atá anois aige in 2015, bhí Kevin ina shainchomhairleoir eacnamaíochta sna réimsí fuinnimh agus iompair. Tá taithí aige freisin i bhforbairt tionscadail fhuinnimh ghaoithe in Éirinn agus thar lear.



## Kate Ruddock

Ceapadh ar 16 Feabhra 2017

Is Leas-Stiúrthóir í Kate de Chairde na Cruinne, agus tá sí ina ball den Choiste Stiúrtha Crann Taca Comhshaoil. Oibríonn Kate chun beartas fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun feasacht an phobail a mhéadú maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta i gcomhthéacs an Athraithe Aeráide agus conas mar a théann Éire i gnleic leis. Ta taithí aici i dtionscadail fhuinnimh phobail, oideachas comhshaoil agus comhairliú le haghaidh tionscadail infreastruchtúir fhuinnimh in-athnuaite. Tá céim aici san Eolaíocht Nádúrtha ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliaht agus Máistreacht san Inbhuanaitheacht Chomhshaoil ó Ollscoil Dhún Éideann.



## Andrew Ennis

Ceapadh ar 14 Iúil 2017

Is Stiúrthóir Fuinneamh In-Athnuaite de Bartra Capital é Andrew. Tá infheistiú déanta ag Bartra i réimsí éagsúla den mhargadh infreastruchtúir Éireannach, lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte, áitreabh tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Is cuntasóir cairte é Andrew; tá B.Comm agus M.Acc aige ó UCD. Tá taithí 16 bliana ag Andrew san airgeadas corparáideach sa mhargadh infreastruchtúir in Éirinn, agus sainchúram déanta aige den fhuinneamh agus an fuinneamh in-athnuaite. Bhí sé ag obair roimhe seo don Aonad NewERA den Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bunaíodh chun comhairle airgeadais corparáideach a sholáthar don Rialtas maidir le bainistiú agus diúscairt sócmhainní Stáit. D'oibrigh sé freisin le NCB Airgeadas Corparáideach (ina chuid de Investec Éire anois) ar chumaisc agus éadálacha infreastruchtúir, agus tiomsú airgid.



## Ann Markey

Ceapadh ar 14 Iúil 2017

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann í Ann agus tá sí ag obair anois mar chomhairleoir gnó agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tá taithí mhór aici sa tionscal fuinnimh agus bhí roinnt poist feidhmiúcháin i réimsí an airgeadais agus an tráchtála aici sa ghrúpa BSL. Tá taithí aici ar ghnólachtaí leictreachais traidisiúnta agus ar infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí le hardchumas fáis agus gnólachtaí fuinnimh in-athnuaite dírithe ar gheilleagar ísealcharbóin. Tá sí ar Bhord an Ghníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ann. Tá sí ar Choiste Iniúchóireachta na FSS. Tá céim aici sa dlí ó UCD; tá sí ina Comhlach d'Insititiúid Cánach na hÉireann agus de Chomhlachas na gCuntasóirí Corparáideacha.

Ta dhá Choiste bunaithe ag Bord SEAI mar a leanas:

### Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord a dhualgaisí cuntasóireachta agus dlí a chomhlíonadh; bíonn sé i dteagmháil le hiniúchtóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchadh inmheánach; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach, ar an bpróiseas bainistiú agus measúnú riosca, Clár Rioscaí SEAI san áireamh, agus socruithe baincéireachta agus buiséadaithe thar lear. Feidhmíonn an Coiste ar bhonn neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchadh san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhnn ar bhonn bliantúil. Bhí sé chruinniú Coiste ann in 2017. Tá triúr chomhaltaí Boird ar an gCoiste agus beirt chomhaltaí seachtracha atá ceaptha ag an mBord.

#### Comhaltaí

**Sean Wyse** (ceapadh mar Chathaoirleach ar 30 Bealtaine 2012, comhalta seachtrach)
**Gerry Donnelly** (ceapadh ar 29 Bealtaine 2013, comhalta seachtrach)
**Lisa Ryan** (ceapadh ar 27 Iúil 2016)
**Michael Wall** (ceapadh ar 27 Iúil 2016)
**Vacancy** (ceann amháin)

### Coiste Íocaíochta agus Bainistíocht Feidhmiúcháin

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha an POF, laistigh de threoirlínte leagtha síos ag an Rialtas. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs spriocanna comhaontaithe agus an Comhaontú Seirbhíse idir SEAI agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Ina theannta sin, faomhann an Coiste Plean Gníomhaíochta an Údaráis maidir le Comhaontuithe na hEarnála Phoiblí, má bhaineann siad le hábhar.

#### Comhaltaí

**Julie O'Neill** (ceapadh mar Chathaoirleach ar 6 Bealtaine 2015)
**Kevin Brady** (ceapadh ar 4 Iúil 2017)
**Michael McGarry** (ceapadh ar 7 Feabhra 2018)

### Tinreamh Coiste

| COMHALTA BOIRD | TINREAMH BOIRD (9 cruinniú in 2017) | TINTEAMH CHOISTE UM INIÚCHÓIREACHTA &MEASÚNÚ RIOSCA (6 chruinniú in 2017) (a) | FEIDHMÍOCHT COISTE BAINISTÍOCHTA & ÍOCAÍOCHTA (b) | TÁILLÍ 2017 (€) | SPEANSAIS 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Julie O'Neill | 9 | N/A | | 11,970 | |
| Jim Gannon | 9 | N/A | | NIL | |
| Anne Farrell | 8 | N/A | | 7,695 | |
| Michael McGarry | 8 | N/A | | 7,695 | 438 |
| Pat Gilroy (c) | 6 | N/A | | 5,771 | |
| Anne Connolly (d) | 3 | N/A | | 3,527 | |
| Peter Brennan | 8 | N/A | | 7,695 | |
| Lisa Ryan | 9 | 5 | | 7,695 | |
| Michael Wall | 8 | 6 | | 7,695 | |
| Kevin Brady (e) | 6 | N/A | | NIL | |
| Kate Ruddock (e) | 6 | N/A | | 6,701 | |
| Andrew Ennis (f) | 4 | N/A | | 3,847 | |

(a) Tá beirt chomhaltaí seachtracha (neamh-Bhord) ar an gCoiste seo
(b) Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste seo i rith 2017
(c) D'éirigh as ar 30 Meán Fómhair 2017
(d) D'éirigh as ar 13 Meitheamh 2017
(e) Ceapadh ar 16 Feabhra 2017
(f) Ceapadh ar 14 Iúil 2017

Bhí beirt chomhaltaí Boird (Kevin Brady agus Jim Gannon (POF) nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

### Athruithe san Eochairfhoireann

D'éirigh beirt chomhaltaí Boird as i rith 2017. D'éirigh Anne Connolly as ar 13 Meitheamh 2017 agus d'éirigh Pat Gilroy as ar 30 Meán Fómhair 2017.

## Nochtadh Riachtanach de réir Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann SEAI Éire Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. De réir an chóid, is gá na nithe a leanas a nochtadh.

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Is féidir sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| BANDA SOCHAIR € | LÍON NA bhFOSTAITHE FTE AR 31 NOLLAIG 2017 | LÍON NA bhFOSTAITHE FTE AR 31 NOLLAIG 2016 |
|---|---|---|
| 60,001 – 70,000 | 8 | 10 |
| 70,001 – 80,000 | 11 | 13 |
| 80,001 – 90,000 | 7 | 7 |
| 90,001 – 100,000 | 4 | 3 |
| 100,001 – 110,000 | 0 | 0 |
| 110,001 – 120,000 | 1 | 1 |

### Costais Shainchomhleoireachta

Sna costais shainchomhleoireachta áirítear costais ar chomhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| SONRAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 214 | 156 |
| Caidreamh Poiblí / Margaíocht | 4 | 8 |
| Acmhainní Daonna | 47 | 0 |
| Feabhsú Gnó | 786 | 880 |
| Eile | 3 | 0 |
| IOMLÁN | 1,054 | 1,044 |

### Táillí Dlí

Sa tábla thíos tá miondealú ar chostais dlí atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuarascála. Ní dhearnadh aon socraíocht i mbliana.

| SONRAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Dlí | 214 | 156 |

### Caiteachas Fáilteachais


Áiríonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais a leanas. Níor tabhaíodh aon chaiteachas fáilteachais maidir le cliaint.

| SONRAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 23 | 13 |

### Ráiteas Comhlíonta

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an chóid a chinntiú. Chomhlíon SEAI go hiomlán an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialiú in 2017.

**Sínithe thar ceann an Bhoird**



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meiteamh 2018

# Tuarascáil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le Cur i Láthair roimh Thithe an Oireachtais

### Barúil ar Ráitis Airgeadais

Tá Ráitis Airgeadais an Údaráis Fhuinnimh Inmharthana na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha ailt 24 den Acht um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2012. Cuimsíonn na ráitis airgeadais na nithe seo a leanas:

- Ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí comeádta
- Ráiteas ioncaim cuimsitheach
- Ráiteas ar staid airgeadais
- Ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- Na nótaí a bhaineann le hábhar, achoimre ar bheartas cuntasaíochta tromchúiseach san áireamh.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais seo léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar 31 Nollaig 2017 agus ar ioncam agua caiteachas an Údaráis do 2017 de réir Chaighdeáin um Thuarisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuarisciú Airgeadais infheidhmithe sa Bhreatain agus in Éirinn.

### Bunús na Tuairime

Rinné mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh atá curtha chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Ta cur síos ar mo fhreagreachtaí faoi na caighdeáin sin le fáil san aguisín ag deireadh na tuarascála seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tá mo fhreagrachtaí eile eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeáin. Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta chuí atá faighte agam chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar Fhaisnéis eile seachas na Ráitis Airgeadais, agus Ábhar eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. San aguisín tá cur síos ar mo fhreagrachtaí maidir le tuairisciú a dhéanamh ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ábhar áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú eisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis an fhaisnéis seo.



**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste

29 Meitheamh 2018

# Aguisín don Tuarascáil

## Freagrachtaí Chomhaltaí Boird

Sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird leagtar amach freagrachtaí na gcomhaltaí.

- Ullmhúchán ráitis airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 25 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2012
- Cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir de réir FRS102
- Cinntiú go bhfuil rialtacht idirbheart ann
- Cinneadh a dhéanamh maidir le húsáid 'ghnóthais leantaigh' mar bhonn cuí cuntasaíochta agus,
- Pé rialú inmheánach a mheastear a bfuil riachtanach chun ráitis a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, de bharr calaoise nó erráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste

Faoi alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2012, tá ceangal orm ráitis airgeadais an Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc ina dtaobh a thabhairt roimh Thithe an Oireachtais.

An aidhm atá agam san iniúchadh seo ná dearbhú réasúnta a fháil ar an gceist an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán, saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó erráide. Is leibhéal ard é dearbhú réasúnta, ach ní thugann sé ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na gcaighdeáin riachtanacha, go n-aimseoidh sé i gcónaí míshonrú ábhartha más ann dó. Is de bharr calaoise nó erráide a tharlaíonn míshonrú agus meastear go bhfuil sé ábhartha má d'féadfaí a bheith ag súil, go leithleach nó san iomlán, go mbeadh tionchar aige ar chinntí eacnamaíocha a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gcaighdeáin riachtanacha, úsáidim breithiúnas augs sceipteachas proifisiúnta le linn an iniúchta,

- Aithním agus déanaim measúnú ar an mbaol ó mhíshonrú ábartha dr bharr calaoise nó erráide: dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; aimsím dóthain fianaise iniúchta chuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá baol níos airde ann nach n-aimseofar míshonrú ábhartha dr bharr calaoise ná de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú rialaithe inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta oiriúnacha a dhearadh, ach ní chun tuairim a nochtadh ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánach.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear, mar aon le réasúntacht meastacháin chuntasaíochta agus nochtadh bainteach.
- Déanaim cinneadh maidir le húsáid coincheap an ghnóthais leantaigh mar bhunús cuntasaíochta, agus bunaithe ar fhianaise iniúchta, measaim an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtataí nó cúinsí a chaithfeadh amhras ar chumas SEAI leanúint air mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar nochtuithe ábhartha sna ráitis airgeadais nó, má tá na nochuite sin easnamhach, ní mór dom mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarasála. É sin ráite, d'fhéadfadh rudaí titim amach nó d'fhéadfadh athrú teacht ar chúinsí, a bheadh mar thoradh air, nach bhfuil SEAI ábalta feidhmiú a thuilleadh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar iomlán na ráitis airgeadais, nochtuithe san áireamh. Measaim an léiriú cóir iad na ráitis airgeadais ar na bunidirbhearta agus ar na himeachtaí.

Bím i dteagmháil leo siúd atá i mbun rialachais maidir le scóip agus tráthúlacht phleanáilte an iniúchta agus cinntí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easpacht shuntasach sa rialú inmheánach a n-aithním le linn an iniúchta.

## Faisnéis seachas na Ráitis Airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais aon fhaisnéis eile a chuirtear i lathair leis na ráitis sin, agus ni dhéanaim aon chinneadh ina leith.

Maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi chaighdeáin idirnáisiúnta, an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh, agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil sí ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil míshónrú ábhartha eile le sonrú inti. Bunaithe ar an obair atá déanta agam, má chinnim go bhfuil míshonrú ábhartha déanta ar an fhaisnéis eile seo, tá ceangal orm é sin a thuairisciú. c

## Tuairiscú ar Nithe eile

Le linn an iniúchta a rinne mé, rinneadh tagairt do ghnéithe faoi leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus feidhmiúchán. Má thagann nithe ábhartha chun solais a bhaineann leis an modh ina dhéantar gnóthaí stáit a riar, déanaim tuairisc ina leith.

Lorgaím faisnéis maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairscím faoi aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí don chuspóir a bhí beartaithe, nó nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím freisin, ar bhonn eisceachtúil, má táim de tuairim

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach don iniúchadh, nó
- Mura raibh na taifid cuntasaíochta sásúil go leor chun go ndéanfaí iad a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- Mura raibh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid cuntasaíochta.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip Freagrachta

Thar ceann Bhoird an Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, aithním go bhfuil dualgas ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánach i bhfeidhmi gcónaí. Cuireann an dualgas san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú (2016).

## Feidhm Chóras Rialaithe Inmheánach

Dearadh an córas rialaithe inmheánach chun riosca a bhainistiú ionas go bhfuil an riosca ag leibhéal réasúnta seachas é a dhíothú ar fad. Mar sin, ní thugann an córas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán go bhfuil na sócmhainní cosanta, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe, go bhfuil taifead ceart á dhéanamh díobh, go bhfuil cosc á chur ar earráidí ábhartha nó go bhfuil siad á n-aimsiú go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, atá de réir treorach eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san údaras don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais.

## Inniúlacht deileáil le Riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ag SEAI ar a bhfuil beirt chomhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Is ball í an Cathaoirleach den Choiste seo. Bhuail an Coiste seo le chéile sé uair in 2017.

Lena chois sin, tá feidhm iniúchóireachta inmheánach seanbhunaithe ag SEAI a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a chuireann clár oibre i gcrích atá comhaontaithe leis an gCoiste. Faoi láthair tá an obair seo faoi chonradh ag Mazars.

Tá beartas measúnúaithe riosca forbartha ag an eagraíocht, a leagann amach inniúlacht na heagraíochta riosca a ghlacadh, agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne i dtaobh riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir agus bítear ag súil go n-oibreoidís laistigh de bheartais bainistíochta riosca SEAI, go gcuirfidís an bhainistíocht ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, go rialóidís laigí agus go nglacfaidís freagracht do rioscaí laistigh dá réimse féin oibre

Déanann Coiste Comhlíonta Chlár Inmheánach SEAI (roimhe seo an Coiste Calaoise) athbhreithniú ar agus stiúrann sé an obair a dhéantar chun calaois, más ann dó, a thabhairt chun solais. Úsáidtear nósanna imeachta augs próisis iniúchta agus scrúdaithe na scéime, mar aon le Prótacol Aonaid Chigireachta SEAI. Tá an Coiste Comhlíonadh Cláir déanta suas de bhainisteoirí trasfheidhmiúil a dhéanann athbhreithniú ar gach eisceacht agus cúis imní a d'fhéadfadh calaois a bheith mar bhonn leis, agus ar chásanna de neamhchomhlíonadh tromchúiseach. Cuireann siad treorú oibiachtúil ar fáil láithreach, mar aon le tacaíocht don bhainistíocht líne agus don fhoireann chun na rioscaí seo a mhaolú.

Má aithníonn SEAI go bhfuil suimeanna ar gá a aisíoc do SEAI de bharr neamhrialtachtaí nó sárú téarmaí agus coinníollacha deontais, lorgófar aisíocaíochtaí deontais ó na húinéirí tí/conraitheoirí ábhartha. Más gá, cuirfear in iúl é do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag SEAI a aithníonn agus a thuairiscíonn eochair-rioscaí mar aon leis na gníomhaíochtaí bainistíochta atá ann chun deileáil leis na rioscaí agus más féidir é, iad a mhaolú.

Tá clár riosca ann a aithníonn na príomhrioscaí atá ag bagairt ar SEAI agus déantar measúnú agus grádú orthu de réir tábhachta. Déanann an Coiste an clár a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí seo chun plean iniúchta inmheánach a phleanáil don bhliain agus chun acmhainní a dháileadh le go gcoimeádfaí na rioscaí ag leaibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun riosca a mhaloú mar aon leis na freagrachtaí rialaithe atá ag baill foirne ar leith.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na heilimintí a leanas:

- Déantar nósanna imeachta do na príomhphróisis gnó go léir a dhoiciméadú,
- Tá cúraim airgeadais leagtha ar an mbainistíocht agus tá an bhainistíocht freagrach astu,
- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm agus déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil,
- Tá córais ann a chinntíonn slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- Tá córais ann a chosnaíonn sócmhainní agus gnáthaimh rialaithe maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú sách maith a chinntiú i leith formheasa deontas, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dheontaithe chun a hinntiú go bhfuil an úsáid cheart á bhaint as an maoniú.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnáthaimh foirmeálta i bhfeidhm chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear in iúl, go tráthúil, dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, an Bord agus an bhainistíocht san áireamh, má aimsítear laigí rialaithe. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta ar siúl ar bhonn leanúnach:

- Aithníodh eochair-rioscaí agus an rialú a bhaineann leo, agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an eochair-rialú seo agus laigí aitheanta a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe i bhfeidhm ag gach leibhéal ina bhfuil bainistíocht airgeadais ag tarlú, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht bhliantúil agus tréimhsiúil, agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh réamhaisnéis buiséid.

## Soláthar

Dearbhaím go bhful nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI a chinntíonn go gcomhlíonann SEAI na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar, agus gur chomhlíon SEAI na nósanna imeacha seo in 2017, ach amháin i gcás soláthar foirne gníomhaireachta, áit a bhí an caitheachas níos mó ná an leibhéal a bhíothas ag súil leis. Mar sin bhí neamhchomhlíonadh i leibhéil tairsí soláthar. Tabhaíodh díreach os cionn €1m thar ceithre ghníomhaireacht earcaíochta. Bhain thart ar €150,000 den mhéid seo le táillí gníomhaireachta agus bhain an chuid eile le costas tuarastail na ndaoine a earcaíodh. Thosaigh próiseas tairisceana nua chun dul i ngleic leis seo ar 10 Bealtaine 2018. Tá an Bhainistíocht ag cloí le sprioc an-docht chun go leagfaí síos an creat agus go gcuirfí conarthaí amach roimh Lúnasa 2018.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht


Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun éifeachtúlacht na bainistíochta riosca agus an rialaithe a mhonatóiriú. Tá monatóireacht agus atbhreithniú SEAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais bunaithe ar obair na hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de SEAI atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur chuir an Bord athbhreithniú i gcrích don bhliain 2017 ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánach.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánach

Níor tháinig aon laigí chun solais maidr le rialú inmheánach in 2017 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Sínithe thar ceann an Bhoird**



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | NOTAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 104,815 | 78,615 |
| Rátáil Fuinnimh Foirgnimh | 9 | 2,556 | 2,523 |
| Ioncam Conartha an AE | 3 | 4 | (71) |
| Ioncam Eile | 4 | 176 | 209 |
| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain | 15(c) | 1,631 | 1,434 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin a Íocadh Amach leis an RCGAT | 5.1 | (225) | (185) |
| Glanaistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (53) | (49) |
| Ioncam Iomlán | | 108,904 | 82,476 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 5 | 10,298 | 8,185 |
| Caiteachas Cláir | 6 | 96,363 | 69,933 |
| Rátáil Fuinnimh Foirgnimh | 9 | 3,018 | 3,851 |
| Caiteachas Iomlán | | 109,679 | 81,969 |
| (Deficit)/Surplus for the Year before appropriations | | (775) | 507 |
| **LEITHREASAÍ** | | | |
| Gluaiseacht i Suimeanna dlite don RCGAT | 8 | (21) | 62 |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain i ndiaidh leithreasaí | | (796) | 569 |
| Barrachas an 1 Eanáir | | 993 | 424 |
| **BARRACHAS AN 31 NOLLAIG** | | **197** | **993** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017


| | NOTAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **AN RÁITEAS IONCAM CUIMSITHEACH** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí | | (796) | 569 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas ó thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | | (996) | 725 |
| Athrú ar Thoimhdí faoi Luach Reatha na hOibleagáide Sochair Scoir | | 480 | (5,555) |
| Caillteanas Achtúireach sa Bhliain | 15 | (516) | (4,830) |
| Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Sochair Scoir | 15 | 516 | 4,830 |
| **BARRACHAS/(EASNAMH) IOMLÁN AITHEANTA DON BHLIAIN** | | **(796)** | **569** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018



**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

| | NOTAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 10 | 282 | 228 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| – Banc | 14 | 4,313 | 3,967 |
| – Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 1,135 | 797 |
| | | 5,448 | 4,764 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | 12 | (5,251) | (3,771) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | **197** | **993** |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 15B | (29,856) | (27,709) |
| Sócmhainn Chistithe Iarchurtha Sochair Scoir | 15B | 29,856 | 27,709 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **479** | **1,221** |
| **A DHÉANANN IONADAÍOCHT DON MHÉID SEO A LEANAS** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 13 | 282 | 228 |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | 197 | 993 |
| | | **479** | **1,221** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

# An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | NOTAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **GLAN-SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| Caiteachas / Ioncam Breise ar Ioncam / Caiteachas | | (796) | 569 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | 53 | 49 |
| Ús Bainc a Fuarthas | | – | (1) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 10 | 333 | 165 |
| (Méadú / (laghdú) ar Chuntais Infhaighte | 11 | (337) | 163 |
| Méadú / (laghdú) ar Chuntais Iníoctha | | 1,368 | (2,123) |
| Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 621 | (1,178) |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA** | | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a Fháil | 10 | (275) | (213) |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE** | | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | | – | 1 |
| **Méadú ar Choibhéisí Airgid Thirim** | | **346** | **(1,390)** |
| Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 346 | (1,390) |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir | | 3,873 | 5,263 |
| **AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 31 NOLLAIG (NÓTA 14)** | | **4,219** | **3,873** |

Ní áirítear leis an iarmhéid €4,219,697 suim €93,699 a choimeádtar i gcuntas bainc ar leith a bhaineann le tionscadal Iomlánaíoch Dún Dealgan 2020 (Féach Nóta 14).
Tá Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Meitheamh 2018

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm na beartais seo go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana agus do na blianta go léir roimhe seo.

### (A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Cumhdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017.

### (B) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, seachas má luaitear a mhalairt thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi coinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid a d'fhaomh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro. Ghlac an tÚdarás le FRS 102 sa bhliain chomparáideach.

### (C) Deontais Stáit

Léirítear i nDeontais Stáit (Nóta 2), aisíocaíochtaí deontais agus ioncam ceardlainne (Nóta 4) a léirítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta an méid a fuarthas sa bhliain.

### (D) Caiteachas Deontais

Aithnítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta nuair a comhlíonadh gach coinníoll a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe dá chuid. Laghdófar Ceangaltais Deontais ar íocaíocht deontais nó ar éag an chomhaontaithe deontais. Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 16.

### (E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Mótarfheithiclí | 20% |
| Daingneáin agus Feistis | 33.33% |
| Trealamh agus Bogearraí TF | 33.33% |
| Trealamh Oifige | 33.33% |
| Clár an Aigéin | 33.33% |

Dímheastar sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 go hiomlán i mbliain na héadála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na héadála; ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb é sin an difríocht idir na fáltais díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a thagann chun solais ar dhiúscairt nó scor earra sócmhainní seasta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta .

Coimeádtar gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach bhfuil siad á n-úsáid níos mó.

Dímheastar Costais Feistithe i gcaitheamh théarma an léasa.

Déantar Costais Forbartha Córas TF a bhaineann le cláir ar leith an SEAI cláir a ghearradh sa bhliain ina dtiteann siad amach. Rinne an bhainistíocht breithniú ar an mbeartas agus creideann siad, mar gheall ar chineál dinimiciúil agus athraitheach na gclár, is cuí na costais seo a ghearradh.

### (F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 do scéim aoisliúntais a bhunú ag an Údarás. Scéim le sochar sainithe is ea an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón RCGAT.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léirítear i gcistiú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón RCGAT.

Oibríonn an tÚdarás an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, arb an scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áirítear na dliteanais ghaolmhara maidir le híocaíochtaí pinsin amach anseo le ráitis airgeadais an SEAI.

### (G) An Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (H) Léasanna

Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta de réir mar a bhíonn siad dlite.

### (I) An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (arna leasú). Faoin reachtaíocht, caithfidh úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuairisc Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó tionóntaithe ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol nó a ligean ar cíos. Tá táillí éagsúla iníoctha i dtaca le BER, táille ina measc ar chlárú measúnóra agus tobhach i dtaca le gach BER a seoladh ar aghaidh i gcaitheamh na tréimhse leis an Údarás ar mhaithe le Deimhniú BER a eisiúint. Cuirtear Ioncam an EPBD i gcuntas ar bhonn fabhruithe.

### (J) Ioncam Conartha an AE

Ó ghníomhaíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistíocht imeachtaí ina measc is ea ioncam conartha an AE. Aithnítear ioncam ar aon dul le téarmaí an chonartha agus dliteanas comhfhreagrach ar aithint an ioncaim.

### (K) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

Nuashonraítear na toimhdí a bhuntacaíonn leis na luachálacha achtúireacha dá ndeimhnítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte ina measc) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha eacnamaíochta, agus d'aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:
(i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo

## 2. Deontais Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, soláthraíonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil cistiú don Údarás chun tabhairt faoina fheidhmeanna.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **CLÁR** | | |
| C3: Riarachán an SEAI | | |
| – Reatha | 8,590 | 7,185 |
| C4: Cláir Fuinnimh Inbhuanaithe | | |
| – Reatha | 6,576 | 6,298 |
| – Caipiteal | 83,547 | 59,898 |
| C5: Energy Research Programmes | | |
| – Reatha | 845 | 849 |
| – Caipiteal | 5,257 | 4,385 |
| **CAITEACHAS IOMLÁN CLÁIR** | **104,815** | **78,615** |

Cistítear gach clár faoi fhotheidil C3, C4 agus C5 thuas go hiomlán faoi Vóta 29 ag an RCGAT.

## 3. Ioncam Conartha an AE

Ó ghníomhaíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, comhordú agus bainistíocht taighde agus imeachtaí iad na cistí €4,264 (2016: -€70,926) ó chonarthaí an AE.

Fabhraítear an t-ioncam ar bhonn bliantúil bunaithe ar thoimhdí a bhíonn i gceist ag an am sin. Luainíonn na suimeanna ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha. D'fhéadfadh méadú nó laghdú ar ioncam ó bhliain go bliain eascairt as seo. I rith 2016, tháinig athrú ar thoimhdí do roinnt conarthaí agus d'eascair laghdú astu san fhabhrú ón mbliain roimhe sin. D'eascair iarmhéid dochair as seo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2016.

Aisíoctar aon íocaíochtaí a fuarthas i rith na bliana ar ais leis an RCGAT.

## 4. Ioncam Eile

Is éard atá in ioncam eile fáltais ó chúrsaí agus fáltais urraíochta.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Dámhachtainí Fuinnimh Inbhuanaithe Urraíochta | 45 | 68 |
| Ús Bainc | – | 1 |
| Ioncam Eile | 33 | 42 |
| Clár Scoile Smaoineamh Maith Amháin | 98 | 98 |
| | **176** | **209** |

## 5. Caiteachas Riaracháin

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | NOTAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail agus Táillí Gaolmhara | 5.1 | 5,258 | 4,284 |
| Costais Phinsin | 15 | 1,589 | 1,421 |
| Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas | 5.2 | 347 | 116 |
| Fógraíocht agus Promóisean | 5.3 | 247 | 180 |
| Táillí Gairmiúla Ginearálta | 5.4 | 404 | 364 |
| Riarachán Ginearálta | 5.5 | 2,453 | 1,820 |
| | | **10,298** | **8,185** |

## 5.1 Tuarastail agus Muirir Ghaolmhara

| | NOTAÍ | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | | 4,148 | 3,390 |
| ÁSPC Fostóra | | 405 | 324 |
| Foireann Ghníomhaireachtaa / Chonartha Luachanna | | 630 | 501 |
| Saothair na gComhaltaí Boird | 18 | 75 | 69 |
| | | 5,258 | 4,284 |

Asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí a aisíoctar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i dtaca le scéim sochair an SEAI agus an RCPA i dtaca le comhaltaí na Scéime Aonair. San áireamh sa chostas tuarastal tá €225,000 (2016: €184,760) maidir le ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí. Níl ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh leis an scéim.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh an POF reatha an 23 Bealtaine 2016. Ba é luach a luacha saothair in 2017 €119,648 (2016: €71,739) agus ba iad na costais €8,335 (2016: €2,481). Ní sháraíonn teidlíocht pinsin an POF reatha na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aonair pinsin samhla na hearnála poiblí. Ní áirítear lena chonradh scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

### Luach Saothair na Príomhbhainistíochta

Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta san SEAI an POF, an COO agus seachtar Ceann Ranna in 2017 (2016: seisear Cheann Roinne). Leagtar amach thíos luach iomlán shochair na bhfostaithe i measc na príomhphearsanra bainistíochta:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 806,162 | 695,243 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na bainistíochta na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aonair samhla na hearnála poiblí nó i scéim aonair na hearnála poiblí. Ní áirítear le conarthaí fostaíochta scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochar comhchineáil/réamhriachtanais.

### Tobhach Pinsin

Rinneadh €205,683 (2016: €195,513) de thobhach pinsin a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i rith na bliana.

| BANDA SOCHAIR € | LÍON FOSTAITHE CLA AN 31 NOLLAIG 2017 | LÍON FOSTAITHE CLA AN 31 NOLLAIG 2016 |
|---|---|---|
| 60,001-70,000 | 8 | 10 |
| 70,001-80,000 | 11 | 13 |
| 80,001-90,000 | 7 | 7 |
| 90,001-100,000 | 4 | 3 |
| 100,001-110,000 | 0 | 0 |
| 110,001-120,000 | 1 | 1 |

### Táillí Boird

Nochtar táillí Boird i Nóta 18

### Conradh Buan agus Fadtéarmach

Ba é an meánlíon fostaithe ar conradh buan agus fadtéarmach don tréimhse 6 (2016: 54).

## 5.2 Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Earcaíocht Foirne, Oiliúint agus Córais AD | 328 | 104 |
| Suibscríbhinní Foirne agus Foilseacháin | 19 | 12 |
| | **347** | **116** |

## 5.3 Fógraíocht agus Promóisean

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Fógraíochta | 29 | 3 |
| Cló agus Dearadh | 50 | 29 |
| Urraíocht | 30 | 17 |
| Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí | 97 | 105 |
| Ábhair Cheardlainne agus Costais Imeachtaí | 29 | 17 |
| Eile | 12 | 9 |
| | **247** | **180** |

## 5.4 Táillí Gairmiúla Ginearálta

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Forbairt Eagraíochta | 47 | – |
| Clár na Scoileanna | 318 | 322 |
| Táillí Rúnaíochta na Cuideachta | 39 | 42 |
| | **404** | **364** |

## 5.5 Riarachán Ginearálta

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | 612 | 595 |
| Taisteal agus Cothabháil – Foireann | 13 | 7 |
| Taisteal agus Cothabháil – Bord | 2 | 1 |
| Caiteachas Ginearálta TF | 10 | 7 |
| Cothabháil TF | 382 | 227 |
| Forbairt Córais TF | 155 | 63 |
| Ceadúnais TF | 307 | 161 |
| Tomhaltáin TF | 55 | 15 |
| Deasc Chabhrach TF | 131 | 155 |
| Dímheas | 333 | 165 |
| Táillí Iniúchta – Seachtrach | 32 | 32 |
| Táillí Iniúchta – Inmheánach | 34 | 20 |
| Árachas agus Dlíthiúil | 77 | 58 |
| Guthán agus Línte Sonraí | 165 | 169 |
| Páipéarachas | 8 | 9 |
| Eile | 137 | 136 |
| | **2,453** | **1,820** |

Rinneadh caiteachas €146,000 in 2016 a bhaineann le Faireachas Margaidh a athrangú ó Chaiteachas Riaracháin go Caiteachas Clár.

## 6. Caiteachas Cláir

| | NOTAÍ | 2017 €'000 | ATH-RANGAITHE 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo | 6.1 | 24,381 | 20,885 |
| Teas agus Folláine Fuinnimh Níos Fearr | 6.2 | 6,912 | 851 |
| Clár Tionscail agus Gnó | 6.3 | 3,355 | 1,623 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 6.4 | 18,764 | 18,657 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí | 6.5 | 6,720 | 1,905 |
| Faireachas Margaidh | 6.6 | 302 | 146 |
| Clár um Fhorbairt Iarfheistithe | 6.7 | 1,022 | 1,081 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 6.8 | 22,196 | 15,196 |
| Méadracht Chliste Fuinnimh Níos Fearr | 6.9 | 54 | 88 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 6.10 | 436 | 619 |
| Iarfheistiú Domhain | 6.11 | 877 | – |
| **FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | |
| Fuinneamh In-Athnuaite Taighde, Forbairt agus Imlonnú | 6.12 | 2,476 | 1,228 |
| Fuinneamh Aigéin | 6.13 | 3,397 | 3,848 |
| **NUÁLAÍOCHT AGUS COMHTHÁTHÚ** | | | |
| Faisneis faoi Fhuinneamh In-Athnuaite | 6.14 | 24 | 39 |
| Fuinneamh Inbhuanaithe Pobail | 6.15 | 540 | 207 |
| Staitisticí Fuinnimh agus Samhaltú | 6.16 | 429 | 424 |
| Feithiclí Leictreacha | 6.17 | 4,478 | 3,136 |
| | | **96,363** | **69,933** |

- Áirítear na costais riaracháin go léir a bhaineann go díreach le caiteachas clár sna costais chlár thuas.
- Rinneadh caiteachas €146,000 in 2016 a bhaineann le Faireachas Margaidh a athrangú ó Chaiteachas Riaracháin go Caiteachas Clár.
- Athrangaíodh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain agus rinneadh iad a athléiriú ar an mbonn céanna leo siúd don bhliain reatha.

## 6.1 Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo

| | 2017 €'000 | ATH-RANGAITHE 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 20,090 | 18,595 |
| Deontais Eisithe | 10 | 43 |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 3,136 | 1,752 |
| Bainistíocht Custaiméirí agus Dearbhú Cáilíochta | 643 | 207 |
| Costais Eile | 134 | 103 |
| Forbairt Córais TF agus Cothabháil | 361 | 179 |
| Costais Taistil | 7 | 6 |
| | **24,381** | **20,885** |

Tacaíonn an scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo le héifeachtúlacht fuinnimh tithe faoi úinéireacht phríobháideach atá thíos le bochtaineacht bhreosla.

## 6.2 Teas agus Folláine Fuinnimh Níos Fearr

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 6,535 | 786 |
| Oibriú / Promóisean Clár | 377 | 65 |
| | **6,912** | **851** |

Tá de chuspóir na Scéime Teas agus Folláine feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine leochaileacha atá thíos le riochtaí ainsealacha riospráide.

## 6.3 An Clár Tionscail agus Gnólachtaí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| EXEED | 1,556 | 382 |
| Comhaontuithe Fuinnimh agus LIEN | 451 | 615 |
| Cláir Phíolótacha Chaipitil FBManna | 725 | – |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur chun Cinn sa Ghnó | 175 | 242 |
| ACA/Costais Oibríochtúla Triple E | 181 | 139 |
| Costais FBManna agus Tionscail Eile | 134 | 206 |
| Forbairt Córais TF agus Costais Chothabhála | 124 | 29 |
| Costais Taistil | 9 | 10 |
| | **3,355** | **1,623** |

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí i measc na n-earnálacha uile gnó chun glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh a bhrostú. Baintear seo amach trí líonraí agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrach fuinnimh a chur chun cinn i leith caighdeán den chéad scoth, agus margaí á bhforbairt do sheirbhísí agus comhairle faoi éifeachtúlacht fuinnimh. Tugadh faoi ghníomhartha píolótacha (Soilsiú agus Feirmeacha Déiríochta) in 2017 chun tionscadail a ionsamhlú san earnáil Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

Clár is ea EXEED Deimhnithe (EXEED Certified) ar a ndéanann an SEAI maoirseacht a sholáthraíonn deimhniúchán neamhspleách sócmhainní – a cruthaíodh as an nua le dearadh nó go siarghabhálach trí uasghrádú a bhaineann feidhmíocht fuinnimh bharrfheabhsaithe amach agus ar féidir leo bainistíocht fuinnimh a dhéanamh amach anseo.

## 6.4 Tithe Fuinnimh Níos Fearr

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 16,330 | 17,030 |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 732 | 415 |
| Soláthar Oibríochtúil | 939 | 693 |
| Costais Eile | 175 | 160 |
| Costais TF | 406 | 319 |
| Fógraíocht | 172 | 30 |
| Costais Taistil | 10 | 10 |
| | **18,764** | **18,657** |

Clár náisiúnta is ea an Clár Tithe Fuinnimh Níos Fearr atá ar oscailt do gach úinéir tí, tiarnaí talún áiteanna cónaithe ina measc a tógadh roimh 2006. Déanann sé úinéirí tí a dhreasú chun tithe níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh a dhéanamh dá dtithe. Baintear seo amach trí dheontais a sholáthar do shraith beart ar nós insliú, uasghráduithe téimh agus teirmeach grianteasa.

## 6.5 Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí | 5,363 | 448 |
| Deontais | 66 | – |
| Seirbhísí Comhairleacha Cliant | 724 | 994 |
| Acmhainn Scoileanna Fuinneamh san Oideachas | – | 34 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 154 | 182 |
| Forbairt agus Cothabháil Córais TF | 408 | 240 |
| Costais Taistil | 5 | 7 |
| | **6,720** | **1,905** |

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúracha bhainistíochta fuinnimh chun cinn agus soláthraíonn sé comhairle, meantóireacht agus oiliúint struchtúrach dhíreach ar éifeachtúlacht fuinnimh anuas ar shaintacaíochtaí teicniúla d'eagraíochtaí earnála poiblí. In 2017, tugadh faoi ghníomhartha píolótacha chun cur chuige a thástáil le haghaidh gníomhartha iarfheistithe i bhfoirgnimh an rialtais láir agus scoileanna.

## 6.6 Faireachas Margaidh

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Faireachas Margaidh | 302 | 146 |
| | **302** | **146** |

Tugann an SEAI faoi fheidhmeanna faireachais margaidh a bhaineann leis an Treoir Éiceadhearaidh ón AE, an Treoir maidir le Lipéadú Fuinnimh ón AE agus na Rialacháin um Lipéadú Bonn ón AE thar ceann an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil arb é an tÚdarás Faireachais Margaidh (an ÚFM).

Áirítear leis na gníomhaíochtaí cur chun cinn an chomhlíonta, monatóireacht agus fíorú. Ghlac an SEAI leis na freagrachtaí seo ón RCGAT an 31 Márta 2017 agus bhain tromlach na hoibre faoinar tugadh i rith 2017 le forbairt cláir.

## 6.7 An Clár um Fhorbairt Iarfheistithe

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Forbairt Clár | 201 | 151 |
| Forbairt Córais TF | 325 | 181 |
| Costais Eile | 331 | 573 |
| Comhairle Straitéiseach | 36 | 71 |
| Comhairle ar Chliaint | 116 | 94 |
| Costais Taistil | 13 | 11 |
| | **1,022** | **1,081** |

Tacaíonn Forbairt Iarfheistithe le forbairt níos fairsinge Scéim na hOibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh de bhun chur i bhfeidhm Arteagal 7 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2012 agus an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Áirítear leis seo riarachán agus bainistíocht creidmheas fuinnimh chlár oibleagáidí soláthraí fuinnimh na hÉireann agus tacaíochtaí chun cláir nua iarfheistithe a fhorbairt.

## 6.8 Pobail Fuinnimh Níos Fearr

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 21,604 | 14,650 |
| Oibriú / Promóisean Clár | 592 | 546 |
| | **22,196** | **15,196** |

Tacaíonn an clár Pobail Fuinnimh Níos Fearr le tionscadail ar leibhéal pobail, a lorgaíonn go sonrach chun comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil lena soláthar, mar shampla, idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, na hearnálacha intíre agus neamh-intíre, tráchtála agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, tithe atá thíos le bochtaineacht fuinnimh ina measc.

## 6.9 Méadracht Chliste Fuinnimh Níos Fearr

| | 2017 €'000 | ATH-RANGAITHE 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Staidéir / Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 15 | 15 |
| Oibriú / Promóisean Clár | 39 | 73 |
| | **54** | **88** |

Glacann an SEAI páirt sa tionscadal méadaraithe chliste atá comhordaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus tá baint acu i ngnéithe Idirchaidrimh Custaiméirí an chláir oibre seo. Tá an SEAI mar chomhordaitheoirí an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm na hEangaí Cliste Náisiúnta, chomh maith, agus tá freagracht orthu as bonneagar leaba thástála na hEangaí Cliste a sholáthar faoin bPlean Gnímh maidir le Poist de chuid an Rialtais.

## 6.10 Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr Fearr

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 193 | 400 |
| Staidéir Thaighde Choimisiúnaithe | 85 | 54 |
| Costais Taistil | 4 | 4 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 154 | 161 |
| | **436** | **619** |

Tionscnamh Rialtais is ea an tionscadal um Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr (MFNF) chun aistriú chuig cur chuige atá níos dírithe ar an margadh i dtaobh éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhíorú agus is príomhghné é sa Phlean Gnímh maidir le Poist de chuid an Rialtais, a aithníonn scóip shuntasach atá ann i dtaobh fostaíochta a bhaineann le tógáil a eascraíonn as clár cuimsitheach náisiúnta um éifeachtúlacht fuinnimh.

## 6.11 Iarfheistiú Domhain

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 752 | – |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 26 | – |
| Forbairt Córais TF | 50 | – |
| Costais Taistil | 3 | – |
| Costais Oibríochtúla Eile | 46 | – |
| | **877** | **–** |

Cruthaíodh an clár Píolótach um Iarfheistiú Domhain chun dul i ngleic le dúshláin um éifeachtúlacht fuinnimh in Éirinn. Fiosróidh sé na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hiarfheistiú domhain. Cuirfidh an fhoghlaim ó na cláir phíolótacha seo eolas ar fáil dár gcur chuige i dtreo iarfheistiú mór scála domhain ar fhoirgnimh in Éirinn. Díreofar i dtosach ar an margadh cónaithe.

## 6.12 Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 2,011 | 702 |
| Taighde lena dTacaítear | – | 6 |
| Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí Taighde | 377 | 304 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 14 | 38 |
| Staidéir / Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 24 | 158 |
| Costais Taistil | 50 | 20 |
| | **2,476** | **1,228** |

Tacaíonn an clár seo le tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde ar fhuinneamh inbhuanaithe, agus soláthraíonn sé sainanailís chun dul i ngleic le bacainní beartais agus teicneolaíochta i leith fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a imlonnú, agus sin an chúis go bhfuil feabhas ag teacht orthu i margadh na hÉireann.

## 6.13 Fuinneamh Aigéin

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 1,155 | 1,329 |
| Oibreacha ar Fochonradh | 1,638 | 1,803 |
| Taighde / Staidéir Choimisiúnaithe | – | 12 |
| Costais Eile | 278 | 267 |
| Obair ar Láithreán Tástála Mhaigh Eo | 306 | 433 |
| Costais Taistil | 20 | 4 |
| | **3,397** | **3,848** |

Riarann an SEAI an Clár Fuinneamh Aigéin chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun forbairt Fuinneamh Aigéin in Éirinn a bhrostú, faoi mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta.

## 6.14 Faisnéis faoi Fhuinneamh In-Athnuaite

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Oibriú / Promóisean Clár | 24 | 39 |
| | **24** | **39** |

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus imlonnú fuinnimh in-athnuaite.

## 6.15 Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Soláthar Oibríochtúil | 512 | 127 |
| Comhairle Straitéiseach | 17 | 67 |
| Costais Taistil | 11 | 13 |
| | **540** | **207** |

Is éard a bhaineann leis an gclár seo ná acmhainní a fhorbairt i bpobail lena chumasú tionscadail fuinnimh inbhuanaithe mhórscála a sholáthar agus an t-aistriú a bhaint amach chuig pobail fuinnimh inbhuanaithe (PFI) agus tá líonra náisiúnta PFI forbartha ina bhfuil breis agus 130 comhalta faoi láthair (2016: 60).

## 6.16 Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Taighde Coimisiúnaithe / Taighde | 226 | 183 |
| Costais Eile | 190 | 159 |
| Costais Taistil | 10 | 19 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 3 | 63 |
| | **429** | **424** |

Comhlíonann an clár seo freagracht an SEAI as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a chothabháil agus a fhoilsiú i dtaobh táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis seo, chomh maith, staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís beartais chun bonn fianaise neamhspleách a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta, agus rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí plé beartais agus meastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## 6.17 Feithiclí Leictreacha

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a Eisíodh | 4,272 | 3,039 |
| Costais Eile | 126 | 85 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 79 | 5 |
| Costais Taistil | 1 | 7 |
| | **4,478** | **3,136** |

Tacaíonn an clár seo le himlonnú teicneolaíocht feithicle leictrí i gcóras iompair na hÉireann agus soláthraíonn se cúnamh deontais i dtreo feithiclí leictreacha a cheannach agus chistigh sé 907 gluaisteán leictreach breise in 2017 (2016: 666 gluaisteán) ar tugadh cúnamh deontais dóibh faoin gclár seo in 2017.

## 7.1 Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas sainchomhairleoireachta seo a leanas a dhéantar a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 214 | 156 |
| Caidreamh Poiblí / Margaíocht | 4 | 8 |
| Acmhainní Daonna | 47 | – |
| Feabhsú Gnó | 786 | 880 |
| Eile | 3 | – |
| | **1,054** | **1,044** |

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

## 7.2 Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas taistil agus cothabhála seo a leanas a dhéantar a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Intíre – Bord | 1 | 1 |
| Intíre – Fostaí | 109 | 82 |
| Idirnáisiúnta – Bord | – | – |
| Idirnáisiúnta – Fostaí | 26 | 35 |
| | **136** | **118** |

## 7.3 Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas a dhéantar a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne[1] | 23 | 13 |
| | **24** | **39** |

[1] Áirítear le caiteachas a bhaineann leis na bhfoireann don bhliain 2017 suim €4,922 (2016 : €3,519) a bhaineann le ranníocaíocht an SEAI le himeacht foirne na Nollag. Ranníocann an fhoireann leis an imeacht seo, chomh maith.

## 8. Leithreasaí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Conartha an AE | 4 | (76) |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 17 | 2 |
| Eile | – | 12 |
| | **21** | **(62)** |

Aisíoctar cistí Neamh-Státchiste a fuair an SEAI ar ais leis an RCGAT. Mar dhea, aithnítear cistí mar ioncam, aithnítear dliteanas comhfhreagrach leis an RCGAT, chomh maith.

Sonraítear sa nóta thuas an ghluaiseacht sa tsuim a bhí dlite leis an RCGAT i rith 2017.

Fabhraítear Ioncam Conartha an AE ar bhonn bliantúil (féach Nóta 3) agus féadfaidh sí luainiú ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha. I rith 2016, tháinig athrú ar thoimhdí do roinnt conarthaí agus d'eascair laghdú astu ar an ioncam agus an dliteanas don bhliain roimhe sin.

## 9. Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

| | 2017 €'000 | ATH-RANGAITHE 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Oibriú Clár Seachfhoinsithe | 730 | 610 |
| Clár a sholáthar agus a Fhorbairt | 129 | 206 |
| Dearbhú Cáilíochta | 1,043 | 1,140 |
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | 333 | 254 |
| Forbairt Córais TF | 774 | 1,633 |
| Costais Taistil | 9 | 8 |
| | **3,018** | **3,851** |

Ainmníodh an SEAI mar an Údarás Eisiúna atá freagrach as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar do mheasúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus as bainistíocht agus cur chun cinn na scéime foriomláine.

B'ionann ioncam na scéime BER don bhliain agus €2,556,255 (2016 €2,523,430) ónar eascair caillteanas €460,618 sa bhliain (2016: €1,327,698).

## 10. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | TREALAMH AGUS BOGEARRAÍ TF €'000 | CLÁR AN AIGÉIN €'000 | TREALAMH OIFIGE €'000 | DAINGNEÁIN AGUS FEISTIS €'000 | MÓTAR-FHEITHICLÍ €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2017 | 1,048 | 1,717 | 11 | 243 | 28 | 3,047 |
| Breisiúcháin[2] | 115 | 51 | – | 221 | – | 387 |
| Diúscairtí | (80) | (43) | – | – | – | (123) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2017** | **1,083** | **1,725** | **11** | **464** | **28** | **3,311** |
| **DÍMHEAS** | | | | | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2017 | (886) | (1,691) | (11) | (203) | (28) | (2,819) |
| Diúscairtí | 80 | 43 | – | – | – | 123 |
| Muirear don Bhliain reatha | (174) | (30) | – | (129) | – | (333) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2017** | **(980)** | **(1,678)** | **(11)** | **(332)** | **(28)** | **(3,029)** |
| **IARMHÉID AN GLANLUACHA LEABHAR AN 31 NOLLAIG 2017** | **104** | **45** | **–** | **133** | **–** | **282** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2016** | **162** | **26** | **–** | **40** | **–** | **228** |

[2] Baineann na breisiúcháin le Daingneáin agus Feistis sa bhliain reatha le hoibreacha a críochnaíodh i dTeach Pháirc Wilton. Dímheastar iad seo i gcaitheamh tréimhse dhá bliain ar aon dul leis an léas atá fágtha.

## 11. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Tairiscint Coinséártó Dhún Dealgan | 32 | 32 |
| Conarthaí an AE | 46 | 41 |
| Infháltais an EPBD | 170 | 175 |
| Réamhíocaíochtaí | 441 | 534 |
| Infháltais Eile | 446 | 15 |
| | **1,135** | **797** |

## 12. Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha | 1,341 | 671 |
| Fabhruithe | 1,040 | 1,453 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 | 94 | 94 |
| CBL | 1,430 | 708 |
| PSWT | 382 | 439 |
| ÍMAT / ÁSPC | 147 | 106 |
| Suimeanna Iníoctha Eile | 188 | 201 |
| Ioncam Iarchurtha | 629 | 99 |
| | **5,251** | **3,771** |

## 13. An Cuntas Caipitil

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 228 | 150 |
| **Aistriú (chuig) / ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:** | | |
| Suim Chaipitlithe maidir le Sócmhainní a Ceannaíodh | 387 | 213 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainne | (333) | (165) |
| | **53** | **49** |
| Coigeartú | – | 29 |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | **282** | **228** |

## 14. Banc

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Cuntas Bainc Reatha | 9 | 10 |
| Cuntas Coigiltis | 2,812 | 1,689 |
| Cuntas an EPBD | 1,398 | 2,174 |
| | **4,219** | **3,873** |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan | 94 | 94 |
| | **4,313** | **3,967** |

Tionscadal AE is ea Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 a chistítear faoi FP6 (an séú Creatchlár um Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta). Gníomhaíonn an SEAI mar an gcomhordaitheoir tionscadail, ina bhfuil 23 comhpháirtí i 6 thír Eorpacha. Faigheann an SEAI cistiú thar ceann an tionscadail agus dáileann sé an cistiú seo ar na comhpháirtithe ábhartha. Dá réir, ní áirítear an t-ioncam agus caiteachas i gcuntas ioncaim agus caiteachais an SEAI. Tá na cistí ar láimh san áireamh san iarmhéid bainc agus i gcreidiúnaithe, chomh maith. Leagtar amach thíos na suimeanna a fuarthas agus a íocadh.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Cistí ar Láimh an 1 Eanáir | 94 | 94 |
| Fáltais sa Bhliain | – | – |
| Íocaíochtaí sa Bhliain | – | – |
| **CISTÍ AR LÁIMH AN 31 NOLLAIG** | **94** | **94** |

## 15. Costais Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) scéimeanna neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe don fhoireann.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann fónaimh agus iarfhoireann an SEAI amhail an 31 Nollaig 2017. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

### A. Anailís ar Chostais Sochair Scoir a Gearradh ar Chaiteachas

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Reatha Seirbhíse | 1,273 | 1,008 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 541 | 598 |
| Asbhaintí Aoisliúntas Foirne | (225) | (185) |
| **COSTAS PINSIN SA TRÉIMHSE** | **1,589** | **1,421** |

### B. Anailís ar an nGluaiseacht i nDliteanas i rith na Bliana

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Dliteanas Scéime an 1 Eanáir | 27,709 | 21,445 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,273 | 1,008 |
| Costas Úis | 541 | 598 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach | 516 | 4,830 |
| Reatha a Íocadh sa Bhliain | (183) | (172) |
| **DLITEANAS SCÉIME AN 31 NOLLAIG** | **29,856** | **27,709** |

### C. Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an SEAI na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag an SEAI nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

#### Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Cistiú atá inghnóthaithe maidir le Costais Phinsin na Bliana Reatha | 1,814 | 1,606 |
| Deontas Stáit úsáidte chun Pinsin a Íoc | (183) | (172) |
| | **1,631** | **1,434** |

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2017 agus €29,856,000 (2016: €27,709,000).

### D. Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas ó Thaithí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Méid (€) | (996) | 725 | 187 |
| Céatadán de Luach Reatha Dhliteanais na Scéime | (3.3%) | 2.6% | 0.9% |
| Méid Iomlán a Aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (516) | (4,830) | 5,817 |
| Céatadán na Sochar Luach dhliteanais na scéime | (1.7%) | (17.4%) | 27.1% |

Is ionann an caillteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €11,712,000 (2016: €11,196,000).

## E. Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an scéim pinsin seo ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime "samhla" earnála poiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme D, soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, soláthraíonn an scéim pinsean (dhá ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú sa bhliain seirbhíse) a fhad le tairseach 3 1/3 uair an ráta uasta bhliantúil den phinsean stáit ranníocach, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí.

Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá i gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Is é an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (Scéim Aonair) arb an scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Déantar soláthar sa scéim do chnapshuim phinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánach gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an aois íosta ag a mbíonn pinsean iníoctha 66 bliain (ag ardú ar aon dul le hathruithe a tháinig ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach an 9t Feabhra 2018 ag achtúire neamhspleách cáilithe agus riachtanais FRS á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime an 31 Nollaig 2017.

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | AG AN 31/12/17 | AAG AN 31/12/16 | AG AN 31/12/15 |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 2.02% | 1.96% | 2.80% |
| Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail | 3.25% | 3.25% | 3.25% |
| Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin | 3.25% | 3.00% | 3.25% |
| Boilsciú | 1.96% | 1.95% | 1.75% |

Úsáidtear Táblaí Mortlaíochta mar seo a leanas:

**Gníomhach agus Iarchurtha:**

| | RÉAMHSCOR | IARSCÓR | PINSINÉIRÍ |
|---|---|---|---|
| Fir | 62% de PNML00 | 58% de ILT15 | 58% de ILT15 |
| Mná | 70% de PNFL00 | 62% de ILT15 | 62% de ILT15 |

Bunaithe ar na táblaí seo, seo a leanas ionchas saoil fear agus ban amach anseo ag aois 65:

| | PINSINÉIR REATHA (I 2017) AG AOIS 65 | PINSINÉIR AMACH ANSEO (I 2037) AG AOIS 65 |
|---|---|---|
| Fir | 21.1 bliain | 23.7 bliain |
| Mná | 23.7 bliain | 25.8 bliain |

## 16. Ceangaltais Deontais agus aisíocaíochtaí deontais

### (i) Ceangaltais Deontais

Meastar gurbh ionann na híocaíochtaí uasta amach anseo is dóchúil a thiocfaidh aníos ó cheangaltais ina n-iontráiltear faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta agus €28,866,472 (2016: €26,633,658).

| | GEALLTA AN 1 EAN 2017 €'000 | GEALLTA I RITH NA TRÉIMHSE €'000 | ÍOCAÍOCHTAÍ €'000 | DÍGHEALLTA €'000 | GEALLTA AN 31 NOL 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo | 97 | 1 | (40) | (10) | 48 |
| Clár Píolótach Fuinnimh Níos Fearr | 906 | 1,205 | (898) | (193) | 1,020 |
| Imscrúdú Speisialta ar Chomhaontuithe Fuinnimh | 93 | 10 | 0 | (10) | 93 |
| Eiseamláirí | 421 | 3,285 | (133) | (3,276) | 297 |
| Limistéir Tithe Níos Teo | 108 | 0 | 0 | (84) | 24 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 9,017 | 20,458 | (5,782) | (16,330) | 7,363 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 10,023 | 28,209 | (2,857) | (21,519) | 13,856 |
| Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe | 0 | 190 | 0 | 0 | 190 |
| EXEED | 299 | 1,938 | (224) | (1,498) | 515 |
| Deontais FBM | 0 | 839 | 0 | (725) | 114 |
| **FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | | | |
| Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite | 756 | 1,445 | (302) | (980) | 919 |
| Feithiclí Leictreacha | 592 | 4,987 | (273) | (4,272) | 1,034 |
| Aigéan | 4,321 | 1,067 | (842) | (1,154) | 3,392 |
| | **26,633** | **63,634** | **(11,351)** | **(50,051)** | **28,865** |

## 17. Nochtadh ag Páirtithe Gaolmhara

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an POF agus an Bord, táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus luach saothair iomlán an POF agus €194,226 (2016: €189,944). Chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, féach Nóta 5.1 agus Nóta 18, le do thoil.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. I gcomhréir le Beartas um Choinbhleacht Leasa an SEAI, rinne beirt chomhaltaí Boird leithscéal dóibh féin ó chinneadh Boird dhá uair i rith na bliana chun aon choinbhleacht leasa fhéideartha nó bhraite maidir leis an gClár Pobail Fuinnimh Níos Fearr a sheachaint.

## 18. Táillí agus Costais Chomhaltaí Boird

Íocann an SEAI táillí agus costais lena gcomhaltaí Boird i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuir an SEAI cinneadh an Rialtais i bhfeidhm a rinneadh i Márta 2010 i dtaca le táillí do chomhaltaí comhlachtaí stáit. Íocadh costais chomhaltaí Boird €438 in 2017 (2016: €669).

### Táillí Boird

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Julie O'Neill (a) | 12 | 12 |
| Anne Farrell (c) | 7 | 3 |
| Michelle Green (d) | – | 2 |
| Paddy Phelan (e) | – | 7 |
| Michael Wall (a) | 7 | 8 |
| Lisa Ryan (a) | 8 | 8 |
| Peter Brennan (a) | 8 | 8 |
| Anne Connolly (b) | 4 | 8 |
| Michael McGarry (c) | 8 | 5 |
| Patrick Gilroy (b) | 6 | 8 |
| Kate Ruddock (f) | 7 | – |
| Kevin Brady (f) | – | – |
| Andrew Ennis (g) | 4 | – |
| Ann Markey (g) | 4 | – |
| Jim Gannon (h) | – | – |
| **IOMLÁN** | **75** | **69** |

a) Ceaptha an 6 Bealtaine 2015
b) Athcheaptha an 6 Bealtaine 2015
c) Imithe ar scor an 1 Bealtaine 2016 agus athcheaptha an 3 Deireadh Fómhair 2016
d) Imithe ar scor an 1 Bealtaine 2016
e) Ceaptha an 6 Bealtaine 2015 agus imithe ar scor an 18 Samhain 2016 f ) Ceaptha an 16 Feabhra 2017
g) Ceaptha an 14 Iúil 2017
h) Ceaptha (POF) an 23 Bealtaine 2016

### Costais Chomhaltaí

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Míleáiste intíre | – | – |
| Cothabháil intíre Intíre eile | – | – |
| Aertháillí thar lear | 1 | 1 |
| Overseas airfares | – | – |
| | **1** | **1** |

## 19. Léasanna Oibriúcháin – Áitreabh

Tá ceannoifig An SEAI lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath agus tá fo-oifigí lonnaithe i nDún Dealgan, Corcaigh, Sligeach agus Béal an Mhuirthead Contae Mhaigh Eo. Tá léas sealadach áisiúlachta ag an SEAI atá ar bun ón 1 Iúil 2009 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2019 dá Cheannoifig i dTeach Pháirc Wilton. Tá na híocaíochtaí íosta léasa dochealaithe amach anseo seo a leanas ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

### Operating Leases

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Laistigh de 1 Bhliain | 461 | 467 |
| I rith 2 agus 5 Bliana | 374 | 839 |
| Thar 5 Bliana | – | – |
| **IOMLÁN** | **835** | **1,306** |

Ba í an íocaíocht léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas €416,313 (2016: €459,186).

## 20. Figiúirí comparáideacha

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athghrúpáil agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 1 Márta 2018.


Is féidir linn
cabhru leat,
le do ghnólacht agus do
phobal a bheith níos
glaine
agus níos
éifeachtúla

SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**
Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2, Éire D02 T228

Guthán +353 1 808 2100
Facs +353 1 808 2002
R-phost info@seai.ie
Gréasán www.seai.ie

@seai_ie

European Union
European Regional Development Fund

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union